

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015



North South Ministerial Council
An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas

Clúdach Tosaigh: spéirlíne Chathair Ard Mhacha

CLÁR

RÉAMHRÁ		1
CAIBIDIL A hAON	Cruinnithe Iomlánacha CATT	3
CAIBIDIL A DÓ	Cruinnithe Institiúideacha CATT	7
CAIBIDIL A TRÍ	Cruinnithe CATT i bhFormáid Earnála	9
	Talmhaíocht	10
	Oideachas	12
	Comhshaol	15
	Sláinte	18
	Turasóireacht	20
	Iompar	22
	Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara	24
	Sábháilteacht Bia	26
	Uiscebhealaí Intíre	29
	An Comhlacht Teanga Thuaidh Theas	32
	Cláir Speisialta AE	37
	Forbairt Trádála agus Gnó	39
CAIBIDIL A CEATHAIR	Cláir For-rochtana Chomhrúnaíocht CATT	41
Iarscríbhinn 1	Cruinnithe CATT in 2015	45
Iarscríbhinn 2	Comhrúnaíocht CATT	46
Iarscríbhinn 3	Na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas	47
Iarscríbhinn 4	Turasóireacht Éireann Teoranta	51

RÉAMHRÁ

Príomhthéama chruinnthe CATT in 2015 ba ea an fócas leanúnach ar fhás gheilleagrach agus ar fhostaíocht a chruthú.

Agus í i mbun oibre, aithníonn an Chomhairle luach láidir an chomhoibrithe ar mhaithe lena chéile. Rinneadh fiordhul chun cinn i roinnt príomhréimsí i rith na bliana. Chuir an Chomhairle fáilte ar leith roimh an dul chun cinn a bhí déanta maidir le tógáil Ionad Radaiteiripe nua in Otharlann Alt Mhic Dhuibhleacháin. Bíonn an tsláinte ina réimse comhoibrithe tábhachtach i gcónaí. Nuair a osclóidh sí in 2016, cuirfidh an t-ionad nua £66.1m fíorfheabhais sna seirbhísí sláinte do dhaoine san Iarthuaisceart, ar an dá thaobh den teorainn. Léireoidh sí tairbhí follasacha an chomhoibrithe idir an dá rialtas fosta.

Is toradh tábhachtach an chomhoibrithe mhaith iad na feabhsúcháin sa bhonneagar. Ag deireadh na bliana, d'fháiltigh an Chomhairle roimh athchóiriú na Seirbhíse Enterprise ó Bhéal Feirste go Baile Átha Cliath agus roimh na feabhsúcháin ar Tharbhealach na Bóinne.. Arna maoiniú ag Clár INTERREG an AE, is infheistíocht bharrthábhachtach an obair seo sa chonair iompair idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath.

Chuir an Chomhairle fáilte roimh thús na hoibre ar stráice 2.5 chiliméadar de Chanáil Uladh idir Loch Éirne agus Ionad na nGasóg Idirnáisiúnta ag Caisleán Shandarsan ar theorainn an Chabháin-Fhear Manach fosta. Bhí an fás sa turasóireacht uiscebhunaithe fíorfhiúntach, go háirithe do phobail tuaithe. Nuair a bheidh an obair críochnaithe in 2017, beidh an feabhsúchán ar an stráice seo den chanáil ina spreagadh maith don gheilleagar i limistéar teorann an Chabháin-Fhear Manach.

Is samplaí iad an infheistíocht inár n-iarnróid, an tIonad Radaiteiripe nua in Otharlann Alt Mhic Dhuibhleacháin, agus an obair ar Chanáil Uladh den obair atá á déanamh ag na comhlachtaí Thuaidh/Theas agus ag na Ranna tríd na réimsí comhoibrithe aontaithe. Tá obair na gComhlachtaí agus na Rann dírithe go fóill ar chlár oibre na Comhairle le tosaíocht a thabhairt d'iarrachtaí ar théarnamh gheilleagrach, ar fhostaíocht a chruthú, agus ar an úsáid is fearr as cistí poiblí agus ar an soláthar seirbhísí is éifeachtaí dár saoránach go léir. Tugann an Comhaontú Tús Úr, comhaontaithe ag deireadh na bliana, deis le hathbhreithniú a dhéanamh ar na tionscadail infreastruchtúir Thuaidh/Theas. Déanfaidh an Chomhairle machnamh ar an tuarascáil air seo in 2016.


Bhí maoiniú Eorpach ina ábhar tábhachtach ar chlár oibre na nAirí i rith na bliana 2015. Ag deireadh na bliana, chuir an Chomhairle fáilte roimh fhaomhadh na gClár nua INTERREG V agus PEACE IV. Nuair a chuirtear an dá chlár le chéile is ionann sin agus infheistíocht de €550m thar na seacht mbliana atá le teacht.

D'éirigh Pat Colgan as a phost mar Phríomhfheidhmeannach an CCSAE i rith na bliana seo a chuaigh thart. Agus é ag obair mar Phríomhfheidhmeannach le haon bhliain déag anuas, is mór an méid oibre luachmhaire a bhí déanta aige i dtaca le Comhoibriú Thuaidh/Theas. Guímid gach rath ar Pat agus é ag dul ar scor móide ar a chomharba mar Phríomhfheidhmeannach, Gina McIntyre, ina ceapachán nua.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na hoifigigh i Ranna Rialtas na hÉireann, Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, sna comhlachtaí Thuaidh/Theas, na gníomhaireachtaí a thacaíonn lenár gcuid oibre agus go háirithe lenár gcomhghleacaithe sa Chomhrúnaíocht as a dtacaíocht agus as a gcomhoibriú i rith 2015.



Colm Shannon
Comhrúnaí (Thuaidh)



Shane O'Neill
Comhrúnaí (Theas)

CAIBIDIL A hAON

CRUINNITHE IOMLÁNACHA CATT

Ag cruinnithe Iomlánacha CATT buaileann Airí Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann lena macasamhail i Rialtas na hÉireann le maoirseacht a dhéanamh ar chomhoibriú agus obair na n-institiúidí Thuaidh Theas. Bhí dhá chruinniú Iomlánacha CATT in 2015, an chéad cheann ar 5 Meitheamh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus an dara ceann ar 11 Nollaig in Oifigí Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha.



Cruinniú Iomlánach CATT i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, 5 Meitheamh 2015

Is é an Taoiseach Enda Kenny TD a bhí ina cheannaire ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann ag an dá chruinniú. Bhí an tAire Airgeadais Arlene Foster CTR agus LeasChéad-Aire Martin McGuinness CTR ina gceannairí ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ar an chruinniú i mí Mheithimh. Bhí an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson CTR agus an LeasChéad-Aire Martin McGuinness CTR ina gceannairí ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ar an chruinniú i mí na Nollag.

Tá na Comhráitis a eisíodh i ndiaidh na gcruinnithe le fáil ag www.northsouthministerialcouncil.org.

Cúrsaí Airgeadais agus Geilleagair

Thosaigh an dá chruinniú le plé forleathan ar an fheidhmíocht airgeadais agus geilleagair sa dá dhlínse. Chuir an Chomhairle fáilte roimh na comharthaí dearfacha laistigh de gach geilleagar cé gur aithin sí go raibh dúshlán le sárú go fóill. Pléadh na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh le fás geilleagrach, tacaíocht do ghnónna agus cruthú fostaíochta a chur chun cinn sa dá dhlínse. Aithníodh tábhacht na turasóireachta, na trádála agus na tacaíochta do chomhlachtaí le rochtain bheith acu ar na margaí thar lear fosta.

Tosaíochtaí Earnála/Athbhreithniú na gClár Oibre

Nótáil an Chomhairle an staid ar na Tosaíochtaí Earnála agus ar an athbhreithniú leanúnach ar na Cláir Oibre ar fud na sé réimse comhoibrithe ag an dá chruinniú. Aontáodh go gcoinneofaí an t-ábhar seo faoi athbhreithniú ghníomhach.



An Taoiseach Enda Kenny TD, an Chéad-Aire, An Ró-Onórach Peter Robinson CTR agus an LeasChéad-Aire Martin McGuinness CTR ag searmanas bronnta don Chéad-Aire Robinson atá ag éirí as oifig ag a chruinniú Iomlánach CATT deireanach in Ard Mhacha ar 11 Nollaig 2015

Cúrsaí AE/ Deiseanna Maoinithe AE

Phléigh na hAirí na deiseanna éagsúla comhoibrithe le tarraingt anuas maoinithe AE a uasmhéadú agus rinneadh machnamh ar na tuarascálacha a thug achoimre ar na deiseanna éagsúla aitheanta, ag an dá chruinniú. Chomhaontaigh an Chomhairle le leanstan ar aghaidh leis an obair thábhachtach seo ar fud an chéad bhabhta eile de chruinnithe earnála.

Pléadh Clár Horizon 2020 AE fosta agus nótaíl an Chomhairle an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis an chomhspríoc trasteorann de €175 milliún a tharraingt anuas faoin Chlár seo a bhaint amach. Aithníodh obair IdirThrádáilÉireann agus obair an Ghrúpa Stiúrtha Uile-Oileánda le faisnéis ar an Chlár a scaipeadh.

Pléadh stádas na gClár nua INTERREG V agus PEACE IV ag an chruinniú Iomlánach i mí na Nollag chomh maith. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an Choimisiún Eorpach ag glacadh leis an dá Chlár agus roimh oscailt Chlár INTERREG V le haghaidh iarratas ar mhaoiniú.

Smuigleáil agus Sciúradh Breosla Trasteorann

Ag an chruinniú i mí Mheithimh, phléigh an Chomhairle smuigleáil agus sciúradh breosla trasteorann. Nótáil na hAirí iarrachtaí leanúnacha an dá dhlínse le tabhairt faoi na fadhbanna

tromchúiseacha seo agus nótaíl sí ach go háirithe tabhairt isteach marcóir breosla nua le tabhairt faoi sciúradh breosla ar an dá thaobh den teorainn.

D'aithin an Chomhairle tábhacht an dlúthchomhoibrithe idir gníomhaireachtaí an dlí sa dá dhlínse le dul i ngleic leis na gníomhaíochtaí coiriúla seo agus chomhaontaigh sí an t-ábhar seo a phlé arís ag cruinniú eile amach anseo.

Boird na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus Turasóireacht Éireann Teo.

Ag an chruinniú i mí na Nollag, d'fhaomh an Chomhairle ceapadh na gCathaoirleach, na LeasChathaoirleach agus na mball ar Bhoird na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus Turasóireacht Éireann Teo. Ghabh na hAirí a mbuíochas leis na baill atá ag dul as oifig as a gcuid oibre.

Tuarascáil na gComhrúnaithe ar Dhul Chun Cinn

Rinne an Chomhairle machnamh ar thuarascáil a d'ullmhaigh Comhrúnaithe CATT ar an obair atá na Comhlachtaí Thuaidh Theas ag déanamh agus ar Réimsí Comhoibrithe CATT eile ag an dá chruinniú Iomlánacha.

Sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn bhí achoimrí ar na príomhchaibidlí i ngach cruinniú CATT a tharla ón chéad chruinniú Iomlánach rompu.

Ag an chruinniú i mí Mheithimh, nótaíl an Chomhairle gur reáchtáil an Chomhrúnaíocht imeacht roinnte eolais agus líonraithe an-rathúil ar Ghlasbhealaí agus ar Ghormbhealaí ar 30 Aibreán 2015.

Ag an chruinniú i mí na Nollag cuireadh in iúl don Chomhairle go raibh próiseas chur i gcrích Phleananna agus Bhuiséid Gnó na gComhlachtaí Thuaidh Theas ar siúl agus go gcuirfí na Pleananna Gnó deireanacha seo i láthair CATT a luaithe agus is féidir.

Tionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt

Pléadh Tionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt ag an dá chruinniú Iomlánacha. Nótaíl an Chomhairle an comhoibriú leanúnach idir oifigigh ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ó Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire le páirtithe leasmhara sa réigiún.

Nótaíl an Chomhairle obair Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Chomhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSraitha Báin fosta le creatlach chomhoibritheach a fhorbairt a bhfuil aidhm aici comhoibriú trasteorann níos foirmeálta a dhéanamh laistigh de struchtúir rialtais áitiúil.

Cuireadh fáilte roimh choimitmint Rialtas na hÉireann €2.5m a thabhairt do Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt chun tacú leis an tionscnamh agus roimh ghealltanas an Fheidhmeannais le maoiniú meaitseála a thabhairt, mar atá i gComhaontú Tús Úr, ag an chruinniú i mí na Nollag.

Cuireadh in iúl don Chomhairle go raibh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann tiomanta do chruinniú idir na hAirí a shocrú san Iarthuaisceart.

Fóram Comhchomhairleach Thuaidh Theas

Pléadh staid reatha Fhóram Comhchomhairleach Thuaidh Theas ag an dá chruinniú Iomlánacha.

CAIBIDIL A DÓ

CRUINNITHE INSTITIÚIDEACHA CATT

Freastalaíonn an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire ar chruinnithe Institiúideacha CATT ar son Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus freastalaíonn an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála orthu ar son Rialtas na hÉireann. Pléitear cúrsaí institiúideacha agus trasearnála ag na cruinnithe seo.

Reáchtáladh cruinniú Institiúideach CATT ar 25 Feabhra 2015 i gCaisleán Stormont, Béal Feirste. D'fhreastail an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson CTR, an LeasChéad-Aire Martin McGuinness CTR, an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan TD, agus an tAire Stáit le freagracht as Forbairt, Cur Chun Cinn Trádála agus Comhoibriú Trasteorann, Seán Sherlock ar an chruinniú. Tá cóip de na Comhráitis a eisíodh i ndiaidh an chruinnithe ar fáil ag www.northsouthministerialcouncil.org.

Phléigh na hAirí réimse ceisteanna, ina measc, cúrsaí eacnamaíochta sa dá gheilleagar. Cuireadh béim ar leith ar thábhacht na nascachta le fás eacnamaíochta a spreagadh.



An Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson CTR, An tAire Charlie Flanagan TD, An tAire Stáit Seán Sherlock TD, agus an LeasChéad-Aire Martin McGuinness CTR ag seoladh Tuarascáil Bhliantúil CATT 2014 ag Cruinniú Institiúideach CATT i gCaisleán Stormont i mí Feabhra 2015

Tosaíochtaí Earnála/Comhaontú Chill Rímhinn

De réir Chomhaontú Theach Stormont i mí na Nollag 2014, nótáil na hAirí tuarascáil ar Thosaíochtaí Earnála Nua a cuireadh i láthair. Dhírigh na caibidlí idir na hAirí ar an leibhéal earnála ar réimsí comhthairbhe, ina measc, téarnamh geilleagrach, fostaíocht a chruthú agus

soláthar seirbhísí a fheabhsú. Comhaontaíodh go n-iarrfaí ar na hAirí athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar na cláir oibre ina n-earnálacha faoi seach, agus go gcuirfí páipéar leis an eolas is déanaí ar na caibidlí seo i láthair ag an chruinniú Iomlánach i mí Mheithimh 2015. Comhaontaíodh fosta go gcuirfí páipéar ar thosaíochtaí earnála níos fadtéarmaí i láthair ag cruinniú Institiúideach sa todhchaí agus go mbeadh ‘Tosaíochtaí Earnála Nua’ ina mír sheasta ar an chlár oibre ag Cruinnithe Institiúideacha CATT sa todhchaí.

Cúrsaí AE

Nótáil na hAirí na caibidlí a bhí ar siúl ar fud na n-earnálacha CATT go léir ar dheiseanna comhoibrithe a iniúchadh le tarraingt anuas mhaoinithe AE a uasmhéadú, go háirithe ó shruthanna maoinithe iomaíocha AE. Chomhaontaigh na hAirí go leanfaí ar aghaidh leis na caibidlí seo ar dheiseanna a úsáid le tarraingt anuas mhaoinithe AE a uasmhéadú. Nótáil na hAirí gur leagadh comhspríoc €175 milliún síos le tarraingt anuas faoi Chlár Horizon 2020 an AE.

Ceisteanna na gComhlachtaí Thuaidh Theas

Phléigh an Chomhairle réimse ceisteanna bainteach leis na Comhlachtaí Thuaidh Theas. Ina measc bhí dul chun cinn maidir lena bPleananna Gnó 2015 a chruthódh sábhálacha éifeachtúlachta comhaontaithe de 8% i gcomparáid le buiséad 2013. Nótáil na hAirí go raibh Boird na gComhlachtaí faoi lán seoil, agus go raibh athruithe san fhoireann ar leibhéal shinsearach i roinnt Comhlachtaí. Chomhaontaigh na hAirí leasú ar an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas agus nótaíl siad go raibh leasú á dhéanamh ar an Scéim.

Nótáil an Chomhairle go raibh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag déanamh comhathbhreithnithe ar Mheamraim Airgeadais na gComhlachtaí agus go gcuirfí toradh an athbhreithnithe in iúl ag cruinniú CATT sa todhchaí.

Nótáil na hAirí go raibh téarmaí ceapacháin roinnt ball boird na gComhlachtaí Thuaidh Theas le dul in éag sa bhliain seo agus rinne siad machnamh ar mholadh faoi na téarmaí ceapacháin do bhaill boird nua agus dóibh sin atá ann faoi láthair. Comhaontaíodh gur chóir don Chomhrúnaíocht an moladh seo a iniúchadh agus go gcuirfí páipéar ar cheapacháin na mball boird i láthair ag an chéad chruinniú Iomlánach eile de CATT.

Tionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt

Nótáil an Chomhairle go ndeachaigh oifigigh i gcomhairle le ranna rialtais ábhartha, i ndiaidh rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara sa réigiún ar threoir Thionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt sa todhchaí. Nótáil na hAirí na forbairtí maidir le rialtas áitiúil san Iarthuaisceart, agus chomhaontaigh siad gur chóir go socrófaí cruinniú idir na hAirí ábhartha san Iarthuaisceart, de réir coimhitiminte i gComhaontú Theach Stormont.

Tuarascáil Bhliantúil CATT 2014

Nótáil an Chomhairle Tuarascáil Bhliantúil CATT 2014 a fhoilseofaí roimh dheireadh mhí an Mhárta 2015.

CAIBIDIL A TRÍ

CRUINNITHE CATT I bhFORMÁID EARNÁLA

Buaileann an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas le chéile i bhFormáid Earnála le maoirseacht a dhéanamh ar chomhoibriú sna 12 Réimse Comhoibrithe nó Earnáil. I sé cinn de na hEarnálacha seo agus sna sé Réimse Comhoibrithe, déanann na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas comhoibriú tríd na meicníochtaí a úsáid i gach dlínse ar leith, agus go ginearálta tríd na Ranna nó na Gníomhaireachtaí Rialtais cuí.

Is iad Talmhaíocht, Oideachas, an Comhshaol, Sláinte, Turasóireacht (Turasóireacht Éireann san áireamh) agus Iompar na sé Réimse Comhoibrithe.

Sna Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas tá Uiscebhealaí Éireann, an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia, an Comhlacht Forbairt Trádála agus Gnó, Comhlacht Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh, an Comhlacht Teanga agus Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Soilse na hÉireann.

Ar na cruinnithe Earnála seo de CATT, freastalaíonn an tAire nó an tAire Stáit freagrach as an Earnáil sin ar son Rialtas na hÉireann agus beirt Airí ar son Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, an tAire atá freagrach as an Earnáil laistigh den Fheidhmeannas agus Aire eile ainmnithe ag an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire ar bhonn trasphobail de ghnáth.

Tá cóip de na Comhráitis ó na cruinnithe seo ar fáil ag www.northsouthministerialcouncil.org

Seo thíos atá achoimre ar na cruinnithe CATT i bhformáid Earnála a reáchtáladh ar fud 2015 agus tá tuilleadh eolais ar na Comhlachtaí Thuaidh Theas le fáil in Iarscríbhinn 3.

TALMHAÍOCHT



Reáchtáladh cruinniú Talmhaíochta CATT ar 25 Feabhra in Ard Mhacha. Ag an dá chruinniú bhí Simon Coveney TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM); Ann Phelan TD, Aire Stáit, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ); Michelle O' Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe (RTFT) agus Jim Wells CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí.

Deiseanna Maoinithe AE

Phléigh an Chomhairle na deiseanna atá ann don earnáil Talmhaíochta faoi na sruthanna maoinithe AE éagsúla agus chuir sí fáilte roimh an chomhar agus an chomhoibriú leanúnach sa réimse seo. Comhaontaíodh gur chóir go ndéanfaí gach iarracht tarraingt anuas na maoinithe seo a uasmhéadú nuair a bheadh sé comhthairbheach.

Comhbheartas Talmhaíochta (CBT)

Nótáil na hAirí na forbairtí déanacha sna pleananna le leasuithe ar an Chombheartas Talmhaíochta, a comhaontaíodh in 2013, a chur i bhfeidhm, bearta riaracháin do Scéimeanna Íocaíochtaí Díreacha san áireamh, agus chuir siad fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach idir RTBM agus RTFT.

Comhoibriú ar Shláinte Ainmhithe

Chuir an Chomhairle fáilte roimh an obair leanúnach ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Uile-Oileáin ar Straitéis um Shláinte agus Leas Ainmhithe agus nótaíl sí:

- Leibhéal ard an chomhoibrithe leanúnaigh idir an dá dhlínse mar ba léir óna rannpháirteachas sa:
 - Beart phlean teagmhais rathúil agus úsáideach do ghalar eipeasótach ag déileáil le Fiabhras Muc Afraiceach i mí na Samhna 2014;

- Beart gásaithe tí iomláin déanta i mí Dheireadh Fómhair 2014.
- Comhiarratais chuig OIE (An tEagras Domhanda um Shláinte Ainmhithe) le stádas saor ó ghalarr Fhiabhras Muc Clasaiceach a bhaint amach.
- Tabhairt isteach Comhchaibidle ar eagla go mbeadh ráig Thinneas Capaill na hAfraice ar an oileán.
- An dul chun cinn atá déanta ag RTFT maidir le hiarratas a cuireadh chuig an Choimisiún ag iarraidh go mbronntar stádas “Saor ó Bhrúsallóis go hOifigiúil” ar Thuaisceart Éireann.

Comhoibriú ar Shláinte Plandaí agus ar Lotnaidicídí

Nótáil an Chomhairle gur choimisiúnaigh Foghrúpa Sláinte Plandaí RTFT/RTBM measúnú eolaíoch ar thuilleadh gníomhaíochtaí leis an bheartas, chun críonadh siar fuinseoige a dhíothú agus a choinneáil faoi smacht sa dá dhlínse, a chur i bhfeidhm. Rinne an Foghrúpa amach go raibh díothú chríonadh siar fuinseoige ina fhéidearthacht go fóill agus mhol sé clár leanúnach faireachais agus díothaithe.

Nótáil an Chomhairle fosta gur bhuaill an Rannóg Sláinte Plandaí de Choiste Sheasta an AE um Phlandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha (CSuPABB), le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann ar 19-20 Eanáir 2015. Ag an chruinniú seo tháinig na Ballstáit agus an Coimisiún ar chomhaontú gur chóir go mbeadh na bearta náisiúnta le tabhairt faoi chríonadh siar fuinseoige i bhfeidhm go fóill agus iarrachtaí á ndéanamh fós an galar a dhíothú.

Forbairt Tuaithe

Chomhaontaigh na hAirí gur chóir go mbeadh fócas ar dheiseanna níos forleithne le tacaíocht a fháil ó chlár maoinithe AE eile (An Ciste Talmhaíochta neamh-Eorpach um Fhorbairt Tuaithe), chomh maith le tacaíocht réamhghníomhach phleanáilte ó RTFT agus ó RCPRÁ do ghníomhaíochtaí Comhoibrithe LEADER – soláthar acmhainní cuí do na hoibrithe foirne san áireamh.

Chomhaontaigh siad fosta maoiniú a chur ar fáil do 2015/16 le tacú le Feirmeoireacht Shóisialta a fhorbairt agus a chur chun cinn a thuilleadh. Chuir na hAirí fáilte fosta roimh an chomhoibriú leanúnach idir oifigigh i bhforbairt deiseanna fóillíochta tuaithe agus le deireadh a chur le Clár Forbairt Tuaithe reatha faoi seach, mar ullmhúchán do Chlár 2014-2020.

OIDEACHAS

Reáchtáladh cruinnithe Oideachais CATT ar 25 Márta agus ar 11 Nollaig in Ard Mhacha. D'fhreastail John O'Dowd, CTR, Aire Oideachais, Jan O'Sullivan TD, Aire Oideachais agus Scileanna agus Mervyn Storey, CTR, Aire Forbartha Sóisialta, ar an chruinniú i mí an Mhárta. D'fhreastail Damien English, TD, Aire Stáit sa Roinn Oideachais agus Scileanna, John O'Dowd, CTR, Aire Oideachais agus Michelle McIlveen, CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí ar an chruinniú i mí na Nollag.



Bhuail na hAirí Oideachais O'Sullivan agus O'Dowd le hoibrithe foirne in Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin

Athbhreithniú ar an Chlár Oibre

Chuir an Chomhairle fáilte roimh thorthaí athbhreithnithe ar chlár oibre na hEarnála Oideachais Thuaidh/Theas, déanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) agus an Roinn Oideachais (RO) ag comhcheardlann a réachtáladh i mí Mheithimh 2015, a dhearbhaigh bailíocht agus ábharthacht an chlár oibre reatha. Nótáil na hAirí gur chomhaontaigh oifigigh ar ghníomhaíochtaí a dhéanamh le comhobair agus comhoibriú a fhorbairt a thuilleadh.

Deiseanna Maoinithe AE

Nótáil na hAirí an comhoibriú leanúnach idir na Ranna Oideachais ar dheiseanna maoinithe laistigh de théama Oideachas Comhroinnte Chlár Peace IV.

Chuir na hAirí fáilte roimh chomhar agus rannpháirtíocht leanúnach na nGníomhaireachtaí Náisiúnta sa dá dhlínse fosta agus iad ag déanamh iniúchta ar acmhainneacht an chomhoibrithe ar chlár ERASMUS+ an AE.

Tearcghnóthachtáil Oideachais

Chomhaontaigh na hAirí saineolaithe seachtracha a phléifeadh le heispéiris sa dá dhlínse a choimisiúnú, trí phróiseas tairisceana iomaíche, le tabhairt faoi thearcghnóthachtáil oideachais. Pléifidh an coimisiún le tréimhse 18 mí ó dháta bronnta an chonartha go dtí an tuarascáil dheireanach a chuirfear faoi bhráid na Rann.

Comhoibriú idir Cigireachtaí

Ag an chruinniú i mí an Mhárta, fuair na hAirí comhchur i láthair a chuir na príomhchonclúidí ó obair leanúnach na gCigireachtaí ar Litearthacht agus ar Uimhearthacht in iúl. Foilsíodh dhá thuarascáil ar dhea-chleachtas i litearthacht agus in uimhearthacht ón Chigireacht Thuaidh/Theas ina dhiaidh sin i mí na Bealtaine 2015 agus scaipeadh chuig dochtúirí iad.

Chuir na hAirí fáilte roimh obair chomhoibritheach leanúnach na gCigireachtaí a chlúdaíonn:

- clár leanúnach na malartuithe cigireachta, comhoibriú ar chigireachtaí agus comhoibriú idir bainistíocht an dá Chigireacht; agus
- an ráthú caighdeán déanta ag Cigireacht ROS ar athbhreithniú na Cigireachta Oideachais agus Traenála (COT) ar thorthaí a cláir: ‘Promoting Improvement in English and Mathematics’; agus
- forbairt acmhainne do chigireachtaí COT ar Ghaeloideachas; agus
- cuidiú COT le Cigireacht ROS ar fhorbairt an tsaineolais i gcigireachtaí réamhscoile/luathbhlianta.

Sainriachtanais Oideachais

Nótáil na hAirí an dul chun cinn atá á dhéanamh idir an dá Roinn agus Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin in éascú an mhéadaithe i réimse seirbhísí an Ionaid a críochnaíodh i mí an Mhárta 2015. Nótáil siad fosta na plananna don Ionad le réimse seirbhísí cosúla a sholáthar sa dá dhlínse in 2015-16, mar a rinne sé sa bhliain roimhe. Nótáil na hAirí fosta go raibh na Ranna ag déanamh socruithe d’athchigireacht an Ionaid, a dhéanfar i rith 2016.

Thug na hAirí cuairt ar an Ionad chomh maith lena dtacaíocht a thabhairt don Ionad agus le cinntiú go leanann sé ar aghaidh ról tábhachtach bheith aige sa tacaíocht a thugann sé do leanaí le huathachas, dá dtuismitheoirí agus do ghairmithe oideachais.

Reáchtáil an tIonad comhdháil mhór idirnáisiúnta in 2015 ar an téama ‘Enabling Education’ a bhí dírithe ar oibrithe foirne gairimiúla agus ar thuismitheoirí leanaí le huathachas. D’fhreastail breis agus míle toscaire ar an chomhdháil a d’oscáil na hAirí O’Sullivan agus O’Dowd agus ar a raibh cainteoirí iomráiteacha ó fud fad an domhain.

Tá na Ranna Oideachais, Thuaidh agus Theas ag roinnt eolais agus eispéireas ar fud chlár oibre Sainriachtanais Oideachais níos leithne go fóill.

Soghluaiseacht Múinteoirí

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach idir na Comhairlí Teagaisc sa dá dhlínse ar bhearta leis na constaicí ar shoghluaiseacht múinteoirí a laghdú. Ina measc tá tarscaoileadh táillí do mheasúnuithe ar cháilíochtaí múinteoirí creidiúnaithe ag an Chomhairle Ghinearálta Teagaisc do Thuaisceart Éireann agus simpliú an phróisis le hiarratais a chur isteach do phostanna teagaisc sa Deisceart.

D'iarr na Ranna Oideachais ar na Comhairlí Teagaisc measúnú cáilíochtúil a dhéanamh a chlúdódh ceist ar bith eile a bheadh ann go fóill a mbeadh tionchar acu ar shoghluaiseacht múinteoirí. Sa mheasúnú seo beidh tionchar thabhairt isteach Theastas Iarchéime 2 bhliain in Oideachas sa Deisceart agus tionchar na Treorach Eorpaí 2005/36/EC. Tugann an Treoir seo comhaitheantas do cháilíochtaí gairmiúla idir ballstáit ar fud réimse gairmeacha, an teagasc ina measc.

Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge

Tá an dá Roinn Oideachais ag déanamh machnaimh ar chómoladh ó Choláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste agus Coláiste Marino, Baile Átha Cliath faoi thacaíocht a thabhairt do rochtain iarratasóirí ó Thuaisceart Éireann ar an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge.

Tionscadal Thuaidh/Theas: Stair agus Scéalaíocht Dhigiteach

D'fháiltigh na hAirí roimh an choimitmint leanúnach le comhoibriú foghlama gairmiúla trasteorann a dhéanamh idir an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí agus an tSeirbhís Churaclaim Chomhairleach agus Tacaíochta. Baineann a gcomhthionscadal, a thosaigh go mall in 2015, le húsáid thraschuraclach na Scéalaíochta Digití i roinnt bheag scoileanna sa dá dhlínse, ag úsáid na Staire mar an bhonn le scileanna scéalaíochta agus croineolaíochta a chur chun cinn.

An Chomhdháil Sheasta ar Oideachas Múinteoirí Thuaidh Theas (CSaOMTT)

Bhí an dá Aire Oideachais ina ndaoine tí ag 13ú Comhdháil Bhliantúil CSaOMTT agus í ag plé leis an téama 'Oideachas Múinteoirí agus Ceartas Sóisialta'. Reáchtáladh an chomhdháil i Luimneach i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Malartuithe Scoileanna, na nÓg agus Múinteoirí

Nótáil na hAirí gníomhaíochtaí leanúnacha an Choiste Caighdeán Oideachais agus Traenála Thuaidh Theas um Obair Óige. D'fháiltigh an Chomhairle roimh rannpháirteachas leanúnach Chomhairle Náisiúnta na nÓg agus Chomhairle Óige Thuaisceart Éireann sa ghrúpa a bunaíodh agus a fuair maoiniú ó chlár ERASMUS+ le TFC a bharrfheabhsú chun obair óige éifeachtach a dhéanamh.

COMHSHAOL



Na hAirí Comhshaoil Durkan agus Kelly ag Comhdháil Athrú Aeráide na NA (COP21) i bPáras i mí na Nollag 2015

Reáchtáladh cruinniú Comhshaoil CATT ar 13 Bealtaine in Ard Mhacha. D'fhreastail Mark H Durkan CTR, Aire Comhshaoil, Danny Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí agus Ann Phelan TD, Aire Stáit sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) ar an chruinniú.

Athbhreithniú ar an Chlár Oibre

Phléigh na hAirí an t-athbhreithniú ar Chlár Oibre CATT comhaontaithe don Earnáil Comhshaoil. Chomhaontaigh siad go gcuirfí páipéar leis an eolas is déanaí ar an cheist faoina mbráid ag an chéad chruinniú Comhshaoil eile de CATT.

Deiseanna Maoinithe AE

Nótáil na hAirí gur ghlac Coimisiún an AE le comhiarratas chuig INTERREG VA ag iarraidh €72m a chlúdódh comhshaol na talún, an fhionnuisce agus na mara. Rinne na Ranna ábhartha ón dá dhlínse comhoibriú ar an iarratas seo.

Nótáil an Chomhairle gur tharla seoladh oifigiúil Straitéis Horizon 2020 AE Thuaisceart Éireann in oifigí Choimisiún an AE i mBéal Feirste.

Nótáil an Chomhairle fosta go raibh sí ag súil go bhfógródh an Coimisiún go nglacfadh sé le hiarratais LIFE AE 2015 ar 1 Meitheamh 2015 agus gur fhreastail iarratasóirí féideartha ón dá dhlínse ar chúrsa traenála LIFE AE i scríobh iarratais a reáchtáladh i dTeach an Chustaim i mBaile Átha Cliath.

Nótáil an Chomhairle gur moladh go socrófaí imeachtaí seó bóthair trasteorann ar Horizon 2020 ‘Societal Challenge 5’ an AE ag deireadh mhí na Bealtaine 2015.

Cosaint, Tuairisciú agus Taighde an Chomhshaoil

Nótáil na hAirí go raibh an chéad chéim den staidéar taighde chaighdeán an aeir ar cheist an truaillithe aeriompartha mar gheall ar dhóchan breoslaí soladacha cónaitheacha, go háirithe gual toiteach, críochnaithe agus nótaladh na príomhthorthaí. Ansin bhí an tuarascáil idirthréimhseach faoi réir comhairliúcháin le grúpa páirtithe leasmhara agus cuirfear an chéad chéim eile den staidéar in iúl.

Nótáil na hAirí bunú chlár fianaise comhoibrithí darb ainm ‘ShARE’ sa dá dhlínse. Cuideoidh an clár seo le páirtithe leasmhara chun taca a chur faoina ngníomhaíochtaí mar rialtóirí, mar sin de, ag baint an tairbhe is mó as an mhaoiniú agus as na hacmhainní infheistithe.

Nótáil an Chomhairle go raibh an tionscadal uile-oileánda ar Thionchair Eastóscadh agus na Taiscéalaíochta Gáis Neamhghnáiche ar an Chomhshaol (ETNG-fhracáil) ag dul ar aghaidh go fóill.

Bainistíocht Dramhaíola

Ar 19 Eanáir 2015, leathnaíodh tobhach an RC (TÉ) ar mhálaí siopadóireachta go málaí siopadóireachta ath-inúsáidte ísealchostasacha. Nótáil an Chomhairle go raibh comhairliúchán na RC (TÉ) ar Phlean Gníomhaíochta Cáilíochta um Athchúrsáil críochnaithe ar 6 Márta.

Chuir na hAirí fáilte roimh thabhairt isteach Rialachán Dramhaíola Bia (Tuaisceart Éireann) 2015 ar 22 Eanáir a chuirfidh srian ar an méid bia a chuirfear chuig láithreáin líonadh talún.

Nótáil na hAirí leasú an fhorfheidhmithe dramhaíola in Éirinn molta agus an moladh le trí phríomheagras, a bheidh freagrach as forfheidhmiú dramhaíola, a bhunú. Nótáil siad fosta na hathruithe rialaitheacha molta a thabharfaidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) isteach le srianta rialaitheacha a chur ar phlandaí ‘Type 8’ agus cómhhaireachtaí rathúil na bplandaí seo agus plandaí múirínithe eile laistigh den bhonneagar cóireála dramhaíola foriomlán in Éirinn.

Nótáil an Chomhairle fosta go raibh sé ar intinn ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Tionscnamh Freagrachta Táirgeora (TFT) iomlán do bhoinn agus d’fhuíollbhoinn a thabhairt isteach. Leanann oifigigh na Roinne Comhshaoil ar aghaidh le freastal ar Ghrúpa Oibre Bonn na RCPRÁ agus nótaíl an Chomhairle go gcuideodh sé seo le measúnú a dhéanamh ar cé chomh inmhianaithe agus féideartha agus a bheadh sé scéim TFT a thabhairt isteach d’fhuíollbhoinn i dTuaisceart Éireann.

Bogadh Dramhaíola Trasna na Teorann

Nótáil an Chomhairle gur chomhaontaigh RCPRÁ agus Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (GCTÉ) dhá láithreán líonadh talún mhídhleathacha a thochailt faoin Chlár Aisdúichithe i rith 2015.

Tuairiscíodh fosta go raibh na hAirí Comhshaoil agus a Ranna ag díriú a n-acmhainní ar chomhghníomhaíochtaí forfheidhmithe a dhéanamh in éadan oibreoirí mídhleathacha, ina measc, malartú faisnéise agus eolais ar réimsí a bhfuil fadhbanna leo agus cigireachtaí comhordaithe a dhéanamh.

Chuir na hAirí a mbuairt in iúl arís faoi thionchar an sciúradh breosla agus chuir siad béim ar thábhacht chomhoibriú níos dlúithe idir na gníomhaireachtaí le tabhairt faoin cheist. Chomhaontaigh siad go dtabharfadh na hoifigigh ábhartha achoimre ar na ceisteanna ag cruinniú Comhshaoil CATT sa todhchaí.

Cáilíocht an Uisce

Maidir le Pleananna Bainistíochta Abhantraí (PBA), d'fháiltigh na hAirí roimh fhoilsiú na gcáipéisí comhairliúcháin i dTuaisceart Éireann ar na Dréachtphleananna Bainistíochta Abhantraí nua (2015-2021) agus nótaíl siad gur chríochnaigh an tréimhse chomhairliúcháin maidir leis an Chlár Ama agus an Chlár Oibre um Fhorbairt Phleananna Bainistíochta Abhantraí Dara Timthriall in Éirinn ar 31 Eanáir agus go raibh machnamh á dhéanamh ar na freagraí a fuair sé.

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú trasteorann leanúnach ar fhorbairt na nIontaobhas Abhann, an maoiniú a thug Rialtas na hÉireann d'eagras na nIontaobhas Abhann i dTuaisceart Éireann a chuideodh le forbairt na nIontaobhas Abhann in Éirinn san áireamh.

Nótaíl an Chomhairle an tacaíocht a thug RCPRÁ i bprionsabal, do mholadh ón Roinn Comhshaoil maoiniú INTERREG a iarraidh do thionscnamh phíolótach trasteorann a sholáthródh comharthaí leictreonacha a thabharfadh sonraí “fíor-am” ar cháilíocht an uisce folctha i limistéir folctha shainithe ar leith.

Nótaíl an Chomhairle fosta go raibh rannpháirtíocht tosaigh idir an Roinn Forbartha Réigiúnaí agus an RCPRÁ le réimsí laistigh den earnáil uisce a thugann deiseanna le comhoibriú a dhéanamh, a phlé.

D'fháiltigh na hAirí roimh an chomhordú leanúnach ar na 'Clean Coast and Coastcare Schemes'.

SLÁINTE



Déanann na hAirí Sláinte Varadkar agus Wells cigireacht ar an Ionad Radaiteiripe nua in Otharlann Alt Mhic Dhuibhreacháin

Reáchtáladh cruinniú CATT ar Shláinte in Otharlann Ceantair Alt Mhic Dhuibhreacháin ar 15 Aibreán. D'fhreastail Jim Wells CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí ag an dáta sin, Leo Varadkar TD, Aire Sláinte agus Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe ar an chruinniú.

Athbhreithniú ar an Chlár Oibre

Phléigh na hAirí an t-athbhreithniú ar na cláir oibre don Earnáil Sláinte agus nótáil siad go gcuirfí páipéar leis an eolas is déanaí ar an athbhreithniú faoina mbráid ag an chéad chruinniú eile den earnáil Sláinte agus Sábháilteachta Bia.

Comhoibriú ar Thaighde ar Ailse agus ar Shláinte

D'fháiltigh na hAirí roimh an deis le cuairt a thabhairt ar Otharlann Ceantair Alt Mhic Dhuibhreacháin chun comhoibriú ar chúram sláinte a phlé. Rinne ionadaithe ó Iontaobhas Cúram Sláinte agus Sóisialta an Iarthair cur i láthair ar fhorbairt an Ionaid Radaiteiripe in Otharlann Alt Mhic Dhuibhreacháin. Cuireadh in iúl do na hAirí go mbainfí spriocthógáil an Ionaid amach laistigh den chreatlach ama chomhaontaithe. Ba é an Fómhar 2016 an dáta feidhmithe. I ndiaidh an chruinnithe, bhí deis ag na hAirí amharc ar thógáil an Ionaid a bhí ar siúl.

Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn leanúnach ar Chuibhreannas Ailse Institiúid Náisiúnta Ailse Éireann – Thuaisceart Éireann agus bhí siad ag súil le Comhdháil an Chuibhreannais a bheadh ar siúl i mBéal Feirste idir 10-13 Bealtaine. Nótáil siad obair leanúnach Chomhpháirtíocht T&F SAM-Éireann.

D'fháiltigh na hAirí roimh an eolas is déanaí ar obair leanúnach na hInstitiúide uile-Éireann um Chúram Ospíse agus Mhaolaitheach (IUÉCOM).

Cur Chun Cinn Sláinte

Phléigh na hAirí réimse ceisteanna a bhain le cur chun cinn sláinte. Nótáil siad an dul chun cinn ar na straitéisí le cosc a chur ar dhochar bainteach le mí-úsáid alcóil sa dá dhlínse, obair *an Ghrúpa Chomhairligh ar Bheartas Alcóil Thuaidh/Theas*, agus *an Ghrúpa um Dhochar Ceilte Thuaidh/Theas* éascaithe ag Co-operation and Working Together (CAWT), san áireamh.

Nótáil an Chomhairle gur fógraíodh na bearta a rinneadh ar Íosphraghasáil Aonair Alcóil (ÍAA) d'alcól a thabhairt isteach sa dá dhlínse. Chomhaontaigh na hAirí le comhoibriú le chéile a mhéad agus is féidir leo, chun cur chuige comhordaithe maidir le ÍAA a chinntiú ó thaobh ama agus na leibhéal cuí ÍAA de, rud a chinnteodh go n-uasmhéadófaí na tionchair sláinte agus go n-íosmhéadófaí na tionchair ar thrádáil trasteorann.

Phléigh na hAirí bearta an pholasaí Tobac sa dá dhlínse. Nótáladh gur rith Éire agus an Ríocht Aontaithe an reachtaíocht le pacáistíocht chaighdeánaithe ar tháirgí tobac a thabhairt isteach. Tiocfaidh na forálacha i bhfeidhm i mí Bealtaine 2016.

Chuir na hAirí fáilte roimh fhorbairtí ar ghalair neamhchoitianta a smachtú agus ar na pleananna le meicníochtaí do chomhoibriú sa todhchaí a bhunú.

Cosc ar Fhéinmharú

Cuireadh an t-eolas is déanaí in iúl ar fhorbairt dhá straitéis nua le cosc a chur ar fhéinmharú agus ar ghníomhaíochtaí uile-oileánda le cosc a chur ar fhéinmharú. Chomhaontaigh na hAirí comhoibriú níos dlúithe a dhéanamh ar an cheist thábhachtach seo.

Bhí áthas ar na hAirí nótáil gur mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an Chlárlann Féindhochair, a tugadh isteach ar bhonn uile-oileánda agus is samhail dea-chleachtais í atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

Cosaint Leanaí

Nótáil na hAirí go bhfuil oifigigh sa Ghrúpa Stiúrtha trasteorann ag cur an chlár oibre, comhaontaithe ag cruinniú CATT roimhe, chun cinn. Bhuaile an Grúpa seo (a bhfuil an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ina gcomhchathaoirligh orthu), le chéile le déanaí ar 1 Aibreán. Nótáil na hAirí go gcuirfí an dul chun cinn a bhí déanta ar an chlár oibre in iúl ag cruinnithe CATT amach anseo.

TURASÓIREACHT



Cathaoirleach Turasóireacht Éireann Brian Ambrose, na hAirí Donohoe, Ní Chuilín agus Bell le Príomhfheidhmeannach Turasóireacht Éireann Niall Gibbons ag cruinniú Turasóireachta CATT in Ard Mhacha i mí na Nollag 2015

Reáchtáladh dhá chruinniú Turasóireachta CATT in Ard Mhacha in 2015. D'fhreastail an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Paschal Donohoe TD, an tAire Fiontair, Trádála agus Infheistíochta, Arlene Foster CTR, agus an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Carál Ní Chuilín CTR, ar an chéad chruinniú ar 5 Márta. D'fhreastail na hAirí Donohoe agus Ní Chuilín agus an tAire Fiontair, Trádála agus Infheistíochta nuacheaptha, Jonathan Bell CTR, ar an dara cruinniú ar 2 Nollaig.

Ag an dá chruinniú, tugadh an t-eolas is déanaí do na hAirí faoi obair Thurasóireacht Éireann, dul chun chun ar chur i bhfeidhm Phlean Corparáideach 2014-2016 san áireamh.

Athbhreithniú ar 2014 agus Amharc Chun Cinn

Bhí fás láidir sa turasóireacht go hÉirinn agus go Tuaisceart Éireann, rud a d'fháiltigh na hAirí agus nótaíl siad gur leagadh spriocanna uailmhianacha síos do thuilleadh fáis sna príomh-mhargáí go léir.

Fuair na hAirí cuir i láthair ar fheidhmíocht Thurasóireacht Éireann ar fud 2014 agus 2015. Sna cuir i láthair seo, bhí buaicphointí fheachtas margaíochta Thurasóireacht Éireann ar fud 2014. Ina measc bhí Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Slí Chósta an Chlocháin, Scéim Viosa na Breataine agus na hÉireann; agus Poiblíocht Thar Sáile. Nótaíl na hAirí buaicphointí fheachtas margaíochta Thurasóireacht Éireann in 2015, go háirithe Slí an Atlantaigh Fhiáin

agus Slí Chósta an Chlocháin, Glasú Domhanda, Game of Thrones, Craobh Oscailte na hÉireann agus tuilleadh chur chun cinn poiblíochta thar sáile, Scéim Víosá na Breataine-na hÉireann san áireamh.

Nótáil na hAirí na téamaí margaíochta do 2015, go háirithe slite Tiomána Cósta agus tairiscintí do na Spreagthóirí Sóisialta agus do na Daoine sin Fiosrach faoi Chultúr. Tugadh an t-eolas is déanaí dóibh ar na téamaí margaíochta aitheanta atá ag teacht chun cinn do 2016, ina measc, *Seanoirthear na hÉireann, Bliain Bia agus Deochanna Thuaisceart Éireann 2016, Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Slí Chósta an Chlocháin agus Baile Átha Cliath – Cathair Úrnua Bheoga* ach go háirithe.

Nótáil na hAirí an chomhobair atá á déanamh le coimre tuarascála ar staitisticí turasóireachta a fhorbairt agus le “Straitéis Turasóireachta Crúis Uile-Oileánda” a ullmhú. Ba chóir di seo bheith críochnaithe go luath in 2016.

Deiseanna Maoinithe AE

Chomhaontaigh na hAirí go leanfadh na páirtithe leasmhara ábhartha sa dá dhlínse ar aghaidh dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar na forbairtí ar leibhéal AE agus go gcinnteoidís go mbainfeadh an turasóireacht tairbhe as na deiseanna maoinithe comhoibritheacha cuí go léir.

Corn Domhanda Rugbaí

Nótáil na hAirí an obair leanúnach atá á déanamh ag na Ranna ábhartha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann leis an Chorn Domhanda Rugbaí a reáchtáil sa bhliain 2023. Chuir na hAirí fáilte roimh na hullmhúcháin le Corn Domhanda Rugbaí na mBan a reáchtáil i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath i mí Lúnasa 2017.

IOMPAR



An tAire Pascal Donohoe TD, An tAire Michelle McIlveen CTR agus Príomhfheidhmeannach CCSAE Gina McIntyre ag oscailt Tharbhealach Dhroichead Átha i mí na Nollag 2015 ar mhaoinigh INTERREG AE a athchóiriú

Reáchtáladh cruinniú Iompair CATT ar 22 Aibreán in Ard Mhacha. D'fhreastail Mark H Durkan CTR, Aire Comhshaoil, Danny Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí agus Paschal Donohoe TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an chruinniú.

Athbhreithniú ar Chlár Oibre Iompair agus ar Thosaíochtaí Iompair Straitéiseacha Thuaidh Theas

Mar chuid d'athbhreithniú straitéiseach ar na Cláir Oibre CATT go léir, nótáil na hAirí tairbhe féideartha níos mó forbartha ar an chomhoibriú san Earnáil Iompair agus tá oifigigh ag leanstan ar aghaidh lena n-iniúchadh ar an chlár de bharr na n-atheagruithe rannacha pleanáilte i rith 2016.

Nótáil na hAirí an fhéidearthacht le haghaidh tuilleadh comhoibrithe ar ghréasán bóithre straitéiseach a fhorbairt ar an oileán. Chuirfeadh sé seo leis na nascanna thoir-thiar agus thuaidh-theas agus spreagfadh sé athrú go cineálacha iompair níos inbhuanaithe agus an acmhainneacht do sheirbhísí iompair phoiblí trasteorann roinnte.

Deiseanna Maoinithe AE

Chuir na hAirí fáilte roimh leibhéal mór an chomhoibrithe idir na ranna ábhartha ar cheisteanna Iompair bainteach leis an AE. Bhí forbairt na Ráiteas Comhoibrithe le tacú le iarratais curtha chuig an Líonra ThrasEorpach le haghaidh maoinithe ina forbairt

thábhachtach ar fud na bliana. Sa bhliain seo, seoladh pilléar Iompar Inbhuanaithe nua INTERREG V fosta.

Nótáil na hAirí an infheistíocht mhórhábhachtach ó INTERREG IVA in athchóiriú Sheirbhís Enterprise Bhaile Atha Cliath-Béal Feirste agus sna hoibreacha feabhsaithe ar Tharbhealach na Bóinne a rinneadh ar fud fad na bliana.

Rothaíocht/Glasbhealaí Trasteorann

Nótáil na hAirí an dul chun cinn mórhábhachtach a bhí déanta ó thaobh na hoibre comhoibrithí de ar na Glasbhealaí trasteorann, cáilitheacht scópála le haghaidh maoinithe faoin philléar Iompar Inbhuanaithe nua INTERREG V san áireamh. Nótáil na hAirí an t-eolas is déanaí ar an obair atá á déanamh ag Grúpa Oibre Ghlasbhealaí Thuaisceart Éireann i dtaca le forbairt na nGlasbhealaí trasteorann.

Príomhbhóithre

Ar thionscadail príomhbhóithre, nótaíl na hAirí críoch an chomhairliúcháin phoiblí ar an A5 a bhí ag cur bonn eolais faoin Ráiteas Comhshaoil nua agus dhearbhaigh siad a gcoimítmint don scéim bóthair A5. Nótáil na hAirí an dul chun cinn ar an tionscadal bóthair A8 a d'oscail níos moille sa bhliain.

Comhaitheantas do Phointí Pionóis

Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn maith a bhí déanta ag na Comhghrúpaí Stiúrtha agus Oibre ar an tionscadal comhaitheantais. Cé go raibh ceisteanna coimpléascacha aitheanta, nótaíl na hAirí na hiarrachtaí leanúnacha leis an obair a dhéanamh.

Sábháilteacht d'Úsáideoirí Bóithre agus d'Fheithiclí

Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn agus roimh roinnt leanúnach eolais agus eispéireas idir oifigigh ón dá dhlínse ar bhearta sábháilteachta bóithre a dhéanamh, ina measc, rith beart reachtúil éagsúil sa dá dhlínse, bearta agus moltaí le dul i ngleic le tiomáint faoi thionchar drugaí agus le réim na dtiománaithe faoi oiliúint a leasú.

D'ainneoin an chúlra thragóidigh de mhéadú i líon na mbásanna ar na bóithre ar fud an oileáin, nótaíl na hAirí na feachtais éagsúla shábháilteachta bóithre a rinneadh i rith na bliana, oibríochtaí forfheidhmiúcháin feachtais bholscaireachta san áireamh. D'fháiltigh na hAirí roimh roinnt leanúnach eolais agus eispéireas idir oifigigh ar bhearta sábháilteachta bóithre a dhéanamh.

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach a dhíríonn ar réimse leathan gníomhaíochtaí mídhleathacha laistigh den tionscal tarlú earraí agus den tionscal iompraithe paisinéirí agus nótaíl siad obair an Fhóiraim Thrípháirtigh um Phleanáil Forfheidhmithe.

DOBHARSHAOTHRÚ AGUS CÚRSAÍ MARA



Rannpháirtithe ar Chlár Ambasadóir an Fheabhail Ghníomhaireacht na Lochanna

Reáchtáladh cruinnithe Dhobharshaothrú agus Chúrsaí Mara CATT ar 27 Bealtaine agus ar 11 Samhain in Ard Mhacha. D'fhreastail Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe, Mervyn Storey CTR, Aire Forbartha Sóisialta agus Joe McHugh TD, Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha ar na cruinnithe.

Ag an dá chruinniú, fuair na hAirí an tuairisc ar an dul chun cinn is déanaí faoi obair Ghníomhaireacht na Lochanna. Chuir na hAirí fáilte roimh an eolas is déanaí ar na gníomhaíochtaí agus maidir leis an Ghníomhaireacht nótáil siad:

- a hiarrachtaí caomhnaithe agus cosanta leanúnacha;
- a rannpháirteachas leanúnach sa Tionscnamh Oiriúnaithe um Athrú Aeráide;
- a cuid oibre sa taighde ar iascach idirnáisiúnta agus i dtionscnaimh for-rochtana pobail; agus
- críoch rathúil thionscadal IBIS i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste agus le hOllscoil Ghlaschú.

Nótáil an Chomhairle an staid ar mharthanas Oisrí Leathana Dúchasacha Loch Feabhail agus an Comhaontú Bainistíochta fosta.

Ciste Forbartha Inbhuanaithe Ghníomhaireacht na Lochanna

D'fháiltigh na hAirí roimh an chur i láthair ar an Chiste agus d'aithin siad tairbhí pobail an chláir seo do Cheantar an Fheabhail agus do Cheantar Chairlinn. Rinneadh cur i láthair eile faoin Taighde ar Bhrádáin Atlantacha sa Ghraonlainn Thiar.

Taighde ar Bhrádáin Atlantacha sa Ghraonlainn Thiar

Rinne Art Niven, Bitheolaí Iascaigh i nGníomhaireacht na Lochanna cur i láthair do na hAirí faoi thaighde ar Bhrádáin Atlantacha sa Ghraonlainn Thiar agus nótáil siad tábhacht na bpáirtíochtaí i bhforbairt comhairle eolaíochta ar bhrádáin Atlantacha agus ar a cur i bhfeidhm i gCeantar an Fheabhail agus i gCeantar Chairlinn.

Margaíocht Acmhainní na Lochanna

Chuir na hAirí fáilte roimh thuairisc ar ghníomhaíochtaí Gníomhaireacht na Lochanna i gcur chun cinn Cheantar an Fheabhail agus Cheantar Chairlinn, ina measc, tionscnaimh slatiascaireachta agus forbartha amhail an t-acadamh, na moil agus an Aip ar Google Play; tionscnaimh turasóireachta mara, ina measc, Sailability and Celebrate Water, agus gníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana, Clár Ambasadóra Mara, Tionscadal Ambasadóir an Fheabhail agus imeachtaí amhail Lá Domhanda na nAigéan, Lá Bithéagsúlachta agus Lá Fionnachtana na nAibhneacha san áireamh.

Deiseanna Maoinithe AE

Nótáil na hAirí gur éirigh le Gníomhaireacht na Lochanna maoiniú AE a fháil agus a pleananna le húsáid a bhaint as tionscnaimh maoinithe sa todhchaí ar mhaithe le leas Cheantar an Fheabhail agus Cheantar Chairlinn. D'fháiltigh siad gur éirigh leo breis agus €15 milliún de mhaoiniú AE a fháil d'Fhorbairt Turasóireachta Mara agus Slatiascaireachta agus do thionscadal IBIS.

Nótáil na hAirí pleananna na Gníomhaireachta úsáid a bhaint as tionscnaimh maoinithe sa todhchaí, an Ciste Sóisialta Eorpach, an Crannchur Oidhreachta, INTERREG V agus an Clár Forbairt Tuaithe ar mhaithe le leas Cheantar an Fheabhail agus Cheantar Chairlinn san áireamh.

Athnuachan na Creatlaí um Rialacháin Éigeandála

D'fhaomh na hAirí go leanfaí le Creatlach na Rialachán Éigeandála, leagtha amach chun tacú le Gníomhaireacht na Lochanna agus í ag déileáil le héigeandálacha amhail eachtra truaillithe thromchúiseach ar feadh tréimhse bliana eile, le héifeacht ó 20 Iúil 2015. Chomhaontaigh siad athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an nós imeachta seo, a athnuachan fhéideartha san áireamh, bunaithe ar thuairisc ó Gníomhaireacht na Lochanna agus ó na Ranna Urraithe, roimh 20 Iúil 2016.

Tuarascáil Bhliantúil agus Dréacht-Ráitis Airgeadais 2014

Nótáil CATT Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaireacht na Lochanna agus na Dréacht-Ráitis Airgeadais do 2014. I ndiaidh do na hArd-Reachtairí agus do na hArd-Iniúcháirí sa dá dhlínse na Ráitis Airgeadais a dheimhniú, chuirfí faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an dá theach den Oireachtas iad.

SÁBHÁILTEACHT BIA



Déanann “Bleachtairí bia” scrúdú níos mine ar lipéid chothaithe ag úsáid na hAcmhainne Oideachais “Na Rudaí atá ar Lipéad”

Reáchtáladh cruinniú Sábháilteachta Bia CATT in Otharlann Ceantair Alt Mhic Dhubhleacháin ar 15 Aibreán. D’fhreastail Leo Varadkar TD, Aire Sláinte, Jim Wells CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus Michelle O’Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe ar an chruinniú.

Tuairisc ar Phlean Gnó agus ar Bhuiséad *safefood*

Chuir Príomhfheidhmeannach *safefood* Ray Dolan an Cathaoirleach nua Paul Gibbons in aithne do gach duine a d’fhreastail ar an chruinniú, agus chuir na hAirí fearadh na fáilte roimhe. Thug an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach tuairisc ar na héachtaí ardleibhéil agus thug siad an t-eolas is déanaí ar na feachtais in aghaidh spriocanna Phlean Gnó 2014. Pléadh na spriocanna agus na cuspóirí do 2015 fosta agus nótáladh an dul chun cinn a bhí déanta go dtí seo.

Sábháilteacht agus Inrianaitheacht Bia

Rinne an tOllamh Chris Elliott ón Institiúid um Shábháilteacht Dhomhanda Bia, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste cur i láthair do na hAirí ar an ábhar “*Food Safety and Traceability - an all island imperative*”. Chomhaontaigh na hAirí go raibh inrianaitheacht bia tábhachtach agus gur réimse í dá raibh clú agus cáil dhomhanda ar an oileán.

Feachtais

Cothú Óige

Thosaigh *safefood* ar an tríú bliain dá fheachtas fógraíochta agus feasachta imeasctha uile-oileánda “Let’s take on Childhood Obesity” i gcomhar le Éire Shláintiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí (TÉ). Is í aidhm an

fheachtais ná réitigh phraiticiúla a chur in iúl do thuismitheoirí le tabhairt faoi nósanna laethúla bainteach le breismheachán i leanaí. Dhírigh an feachtas in 2015 go príomh ar thábhacht codlata shásúil do leanaí. Athdhearbhaigh an feachtas na teachtaireachtaí bainteach le gearradh siar ar shóbhianna do leanaí agus le méid na gcodanna níos oiriúnaí don aois a thabhairt.

Operation Transformation – Urraíocht teilifíse

Lean *safefood* lena urraíocht bainteach le ‘Operation Transformation’, sraith teilifíse príomha arna léiriú go neamhspleách, a craoladh ar RTÉ1 i rith mhí Eanáir agus Feabhra. I rith 2015, bhí meánlucht féachana de 470,000 ag an chlár. Mheall an clár meánlucht féachana de 270,000 ar an chainéal RTÉ One+1 agus bhí níos mó ná 280,000 sruth ar líne den tsraith tríd an RTÉ Player. Bíonn ról spreagúil ag an chlár seo le grúpaí agus pobail a ghríosú meachán a chailleadh.

Aigéad Fólach

Sheol *safefood* feachtas i mí Iúil 2015 le tabhairt faoi na rátaí méadaithe d’Fhadhbanna Néarfheadáin (FNFanna) agus faoi na constaicí iompair bainteach le haigéad fólach a ghlacadh. Thosaigh an feachtas dar teideal ‘Entitled ‘Babies Know the Facts about Folic’ ar 20 Iúil agus mhair sé ceithre seachtaine go dtí 16 Lúnasa. I rith an fheachtais, tháinig méadú 26% ar an mheán, ar mhéid na bhforlionsaí aigéid fhólaigh díolta i gcomparáid leis an treimhse chéanna anuraidh.

Feachtas Sábháilteachta Bia – ‘Foresee the Risks’

Seoladh feachtas nua sábháilteachta bia i mí na Samhna 2015 ar teideal ‘Foresee the Risks – Remember the four C’s’. Le tacaíocht teilifíse, raidió, agus fógraíochta allamuigh agus digití, is iad aidhmeanna an fheachtais an lucht féachana agus éisteachta a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar a nósanna bia tí maidir le bunphrionsabail na sábháilteachta bia agus ar na fathanna a mbeadh orthu na nósanna seo a athrú; comhairle an-bhunaithe agus iomráiteach a chur in iúl ar bhealach a sháróidh cur in aghaidh/neamhshuim/réchúis an lucht féachana agus éisteachta; agus tacú lenár sprioclucht féachana agus éisteachta na hathruithe seo a dhéanamh ar a nósanna.

Seó Bhaile Mhoiréil, Bealtaine 2015

Bhí feachtas ar Otracht i measc Leanaí *safefood* mar bhunús lena seastán ag Seó Bhaile Mhoiréil, agus fócas acu ar aclaíocht agus ar shiúcra i dteachtaireachtaí deochanna. Bhí méadú ar líon na ndaoine a thug cuairt ná mar a bhí ann anuraidh, le breis agus 2,500 thar trí lá.

Tionscadail Taighde

Rinne *safefood* roinnt mhaith tionscadal taighde i rith 2015 ar na hábhair seo a leanas:

- Cláir sábháilteachta bia
- Stádas iaidín mar cheist sláinte poiblí
- ESBL frithsheasmhachta frithmhiocróbaí
- Sealobair – iteachán sláintiúil

- Scileanna cócaireachta – tionchar ar shlainte aistí bia
- VTEC (neamh-O157)
- Sláinteoirí láimhe – iompar agus éifeachtúlacht tomhaltóirí
- Íogaireacht i leith bia

Tionscnaimh Bia Pobail

Ba í 2015 an tríú agus an bhliain dheireanach de Chlár na dTionscnaimh Bia Pobail 2013 – 2015 (TBP). Is é príomhaidhm an chlár TBP seo níos mó rochtana agus infhaighteachta ar bhia shláintiúil agus shábháilte i gceantair ina bhfuil ioncaim ísle a chur chun cinn, trí chlár de thionscadail áitiúla ag úsáid cur chuige forbairt pobail. Bhí deich TBP lonnaithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíochta sa dá dhlínse.

Mairfidh an chéad Chlár TBP trí bliana eile ó 2016-2018 agus an aidhm aige tionchar bheith aige ar nósanna itheacháin teaghlach. Díreoidh sé ar scileanna amhail pleanáil, buiséadú agus cócaireacht a fhorbairt a chuideoidh le daoine béilí níos cothaithí a chur ar an tábla.

UISCEBHEALAÍ INTÍRE



Rannpháirtithe i bhFéile Uisce Chill Dalua urraithe ag Uiscebhealaí Éireann ar an tSionainn i mí Mheán Fómhair 2015

Reáchtáladh cruinnithe Uiscebhealaí Intíre CATT i mBéal Feirste agus i Muineachán ar 10 Meitheamh agus 6 Samhain faoi seach. D'fhreastail Heather Humphreys TD, Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Joe McHugh TD, Aire Stáit le freagracht as Gnóthaí Gaeltachta agus Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ar an dá chruinniú. D'fhreastail Aire Sóisearach OCALCA, Michelle McIlveen CTR agus Aire Sóisearach, Emma Pengelly, CTR ar na cruinnithe i mí Mheithimh agus i mí na Samhna faoi seach.

Ag an dá chruinniú nótáil na hAirí na heochairéachtaí a bhain Uiscebhealaí Éireann amach in 2015. Ina measc bhí:

- bainistiú agus cothabháil na 1,000 ciliméadar de loingseoireacht faoina chúram, le níos mó ná 95% den na huiscebhealaí oscailte le haghaidh loingseoireachta don tréimhse Aibreán go Deireadh Fómhair;
- Dréachtphlean Oidhreacht Uiscebhealaí Éireann seolta dá phróiseas comhairliúcháin deireanach ar 14 Lúnasa 2015;
- bronnadh 'Duais Nuálaíochta Turasóireachta Spóirt Uiscebhealaí Éireann agus Dhúiche na Lochanna' ar Ghormbhealach na Sionainne ag an Cruinniú Mullaigh Eorpach ar Thurasóireacht Spóirt in Aerfort na Sionainne;

- tugadh tacaíocht do 112 imeacht faoi Chlár Urraíochta Uiscebhealaí Éireann 2015. I measc na mbuaicimeachtaí bhí Féile Uisce Chill Dalua ar an tSionainn, Geallta Bád Dragain Bhaile Átha Cliath i nDuga na Canálach Móire, Lá Cholumbán Rámhaigh ar an Éirne, Trí-atlan na Splaise Móire agus Féile Abhann ar an Bhanna Íochtarach;
- ghlac 74 scoil páirt sa chlár Oideachais Scoileanna go dtí seo; agus
- tugadh ceadúnais do 6 ghnó nua le feidhmiú ar na loingseoireachtaí intíre ó mhí Aibreáin. Ina measc bhí gnó nua le báirsí a ligean ar cíos, long nua paisinéirí, gníomhaíochtaí allamuigh eile agus spás oibre TF.

An t-eolas is déanaí ar Athchóiriú Chanáil Uladh ó Loch Éirne Uachtarach go Cluain Eois



Dreideáil ar an Fhinn le loingseoireacht a chruthú do Chanáil Uladh

Ag an chruinniú i mí na Samhna, nótaíl na hAirí go raibh an chéad chéim den obair, dreideáil na Finne le loingseoireacht a chruthú chóir a bheith réidh. D’aithin mionstaidéar ar shuíomh bhealach na canála agus ar an droichead nua i nDoire Coirib an-dhrochbhail dhúshlánach na talún. Leanfaidh an obair ar aghaidh leis an eilimint seo den tionscadal a chur chun cinn in 2015.

Forbairt Glasbhealaigh ar bhealach Chanáil Uladh

D’fhaomh na hAirí moladh ó Uiscebhealaí Éireann le forbairt glasbhealaigh ar bhealach/ar chonair líneach Chanáil Uladh ó Chaisleán Shandarsan Co. an Chabháin go hAchadh an Dá Chora, Co. Ard Mhacha a éascú. Glacfaidh Uiscebhealaí Éireann le ról an phríomhpháirtí sa tionscadal seo le tacaíocht ó na Comhairlí ábhartha agus ó pháirtithe leasmhara eile.

Deiseanna Maoinithe AE

Nótaíl na hAirí go leanann Uiscebhealaí Éireann deiseanna a aithint agus a scrúdú go gníomhach le maoiniú Iomaíoch agus Neamhiomaíoch a chinntiú a chuideoidh le heochairchláir straitéiseacha a fhorbairt chun tosaigh.

Aithníodh eilimint amháin de chlár INTERREG VA Chur chun cinn soghluaiseachta idirmhódúlaí agus inbhuanaithe trasteorann, mar dheis maoinithe fhéideartha. Tá dhá sprioc ag ábhar an chláir seo: soláthar 80 ciliméadar de Ghlasbhealach trasteorann san iomlán; agus ábaltacht le 10% de thrácht chomaitéireachta trasteorann ar rothar nó de shiúl a bhaint amach faoi 2023. Faoi láthair, tá Uiscebhealaí Éireann ag obair ar iarratas le haghaidh maoinithe a ullmhú chun glasbhealach taobh le Canáil Uladh ó Na Mullaí, Co. Mhuineacháin go cathair

Ard Mhacha a fhorbairt, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile.

Ó thaobh an chomhshaoil de, tá sé mar cheann de phríomhthosaíochtaí Uiscebhealaí Éireann fás speiceas coimhthíoch ionrach agus pataiginí ar cúis le caillteanas bitheolaíochta dúchásaí iad, agus a dhéanann díghrádú tromchúiseach ar na seirbhísí éiceachórais in agus taobh leis na huiscebhealaí ar oileán na hÉireann, a smachtú. Leis an chuspóir seo a bhaint amach, tá Uiscebhealaí Éireann ag obair ar iarratas a chuirfidh siad chuig an chlár LIFE AE 2014-2020.

Nótáil na hAirí go ndeachaigh Uiscebhealaí Éireann isteach sa Lónra d'Uiscebhealaí Intíre Eorpacha (LUIE), ina bhfuil údaráis bainistíochta loingseoireachta agus uiscebhealaí intíre Eorpacha, agus d'fhreastail siad ar chruinniú in Amstardam ar 11 Meán Fómhair. Is iad fócas an Lónra cláir maoinithe a aithint don todhchaí, tairiscintí comhoibritheacha a fhorbairt agus tionchar luach eolas agus scileanna roinnte na mball a threisiú chun deiseanna nua le haghaidh tionscadal a chruthú.

AN COMHLACHT TEANGA THUaidh THEAS



An tAire Joe McHugh, TD, An tAire Heather Humphries, TD, An tAire Carál Ní Chuilín, CTR agus An tAire Emma Pengelly, CTR ag cruinniú Teanga CATT a reáchtáladh in Ionad Tyrone Guthrie, Muineachán i mí na Samhna 2015

Reáchtáladh cruinnithe Chomhlacht Teanga CATT i mBéal Feirste agus i Muineachán ar 10 Meitheamh agus ar 6 Samhain faoi seach. D'fhreastail Heather Humphreys TD, Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Joe McHugh TD, Aire Stáit le freagracht as Gnóthaí Gaeltachta agus Carál Ní Chuilín CTR, Aire Ealaíon, Cultúir agus Fóillíochta ar an dá chruinniú. D'fhreastail Aire Sóisearach OCALCA Michelle McIlveen CTR agus Aire Sóisearach Emma Pengelly CTR ar na cruinnithe i mí Mheithimh agus i mí na Samhna faoi seach.

Ag an dá chruinniú, fuair na hAirí na tuairiscí is déanaí ar dhul chun cinn ó Fhoras na Gaeilge agus ón Ghníomhaireacht Albanais Uladh. I measc na bpríomhfhorbairtí nótáilte ag an Chomhairle bhí:

Foras na Gaeilge

- dul chun cinn leanúnach ar na socruithe nua maoinithe, ina measc, 12 chruinniú go dtí seo den Fhóram Páirtíochta agus 3 chruinniú go dtí seo den Fhóram Forbairt Teanga; earcú oibrithe foirne agus bunú oifigí ag na 6 phríomheagras i mBéal Feirste, san Iúir , i mBaile Átha Cliath, i Ráth Chairn, i mBaile Átha an Rí, i gCasla agus i nDún Garbháin;

- eisíodh an foilseachán ar threoirilínte dea-chleachtais nua, maidir le seirbhísí a dhéanamh don phobal Gaeilge, chuig na sárchomhairlí nua ag comhdháil a reáchtáladh in Ard Mhacha ar 25 Márta 2015;
- seoladh an aip nua don fhoclóir Béarla-Gaeilge ag Oireachtas na Gaeilge agus cuireadh an Foclóir Beag leis an *Foclóir agus Leabharlann Teanga* ar líne (www.teanglann.ie);
- tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar fheachtas Love Leabhair Ghaeilge, faoi choimirce na Scéime Tacaíochta Margaíochta don earnáil foilsitheoireachta Gaeilge, le seastáin bhrandáilte in 15 shiopa;
- tá an Scéim Ghaeilge do bhunscoileanna (www.seideansi.ie) á cur i bhfeidhm agus tá na háiseanna digiteacha nua ar fáil ó leibhéal na naíonán sóisearach go leibhéal rang a dó;
- tugadh maoiniú do thionscadail óige. Ina measc bhí 92 campa samhraidh a riar do 3,800 leanbh (méadú de 200 ar an líon leanaí in 2014). D'eagraigh 74 grúpa gníomhaíochtaí óige i rith na bliana, chomh maith le 428 scoláireacht Gaeltachta do dhaoine óga i dTuaisceart Éireann.



Mic léinn ag ceiliúradh seoladh na haipse nua don fhoclóir Béarla-Gaeilge ag imeacht Oíche Shamhna Oireachtas na Gaeilge

Foras na Gaeilge – Tionscadal an Fhoclóra

D'fhaomh an Chomhairle, laistigh den bhuiséad atá ann faoi láthair, clár ama leasaithe do thionscadal an fhoclóra Béarla/Gaeilge chun soláthar táirge deiridh níos cuimsithí a chinntiú, rogha an chló, chomh maith le formáidí ar líne agus aipe san áireamh.

Nótáil an Chomhairle na spriocanna nuashonraithe. Ina measc bhí foilsíú 120,000 aonad céadfach in 2015, foilsíú 10,000 aonad céille breise in 2016, le béim ar leith ar na curaclaim

bunscolaíochta agus meánscolaíochta sa dá dhlínse, chomh maith le foilsiú an leagain chlóite den fhoclóir do thús na bliana acadúla in 2017.

Foras na Gaeilge – Scéim Phobail Gaeilge

Nótáil an Chomhairle príomhghnéithe Scéim Phobail Gaeilge leasaithe. Ina measc bhí:

- athrú ó scéim trí bliana go scéim ceithre bliana;
- an dul chun cinn déanta go dtí seo a dhaingniú agus pobail nua a éascú le húsáid a bhaint as an scéim trí mhéid na ndéantaithe féideartha a mhéadú ó na 19 ngrúpa atá ann faoi láthair go huasmhéid de 26 grúpa (méadú 37%);
- uasleibhéal an deontais de €37,000 i mbliain 1 (ag ardú go €40,000 i mbliain 4), 80% de na costais fostaíochta chun oifigigh a fhorbairt san áireamh; agus
- fócas nua ar fhorbairt inbhuanaithe sna pobail féin a thabharfaidh cumhacht do ghrúpaí an úinéireacht agus an mhaoirseacht a choinneáil laistigh dá spriocréimsí féin agus a chinnteoidh go mbainfear torthaí buana as an mhaoiniú.

Nótáil an Chomhairle go mbeidh ról ag Glór na nGael mar an phríomheagras i réimse pobail agus forbartha eacnamaíochta agus trína ghréasán oifigeach forbartha féin, dea-chleachtas a chur chun cinn, a roinnt agus a spreagadh sna tionscadail maoinithe. Ina theannta sin, cuirfidh Glór na nGael seirbhís meantóireachta, tacaíochta agus comhairle ar fáil d’eagrais nach gcomhlíonfaidh na caighdeáin a bheidh riachtanach le deontas a fháil.

D’fhaomh na hAirí an Scéim Phobail Gaeilge leasaithe a chuirfear i bhfeidhm le héifeacht ó 1 Iúil 2016.

Gníomhaireacht Albanais Uladh

- eagrú Ceolchoirm Oíche Burns, i gcomhar le Ceolfhoireann Uladh, i Halla Cois Cladaigh Bhéal Feirste i mí Eanáir a craoladh ar BBC 2;
- seoladh líonhairseach Albanais Uladh nua do chuairteoirí, www.discoverulsterscots.com, ina bhfuil réimse leathan áiteanna lena lán cuairteoirí a mhealladh. Ina measc tá Drioglann Mhuileann na Buaise, An Chéad Eaglais Phreispitéireach Dhoire agus Ardeaglais Naomh Áine, Béal Feirste;
- d’oscail an dánlann Albanach Uladh nua, arna maoiniú ag an Gníomhaireacht, in Iarsmalann an Dúin Thuaidh, Beannchar ar 14 Bealtaine 2015;
- tugadh maoiniú le ceol agus rince Albanach Uladh a theagasc in 42 bunscoil, chomh maith le 24 cumann iarscoile Albanais Uladh agus 11 cheardlann scoile Albanais Uladh a sholáthar;

- Albanais Uladh a chur chun cinn in oideachas agus stádas suaitheanta a bhronnadh ar 6 scoil, 12 scoil a chlárú don Chlár Tosaigh Suaitheanta, 5 chumann iarscoile a chur ar fáil chomh maith le 2 bhunscoil Thoir/Thiar a nascadh;
- eagrú dhá phríomhimeacht, comhdháil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath leis an 700ú bliain ó tháinig na Brúsaigh go hÉirinn a cheiliúradh ba ea ceann amháin díobh ar ar fhreastail 300 duine, agus ba é Lá Oidhreachta Albanach Uladh i Ráth Bhoth an dara ceann ar ar fhreastail 450 duine;
- tugadh tacaíocht do 21 scoil samhraidh, do 12 fhéile pobail agus do 12 seóimeacht pobail; agus
- eolas an ghnáthphobail ar Albanais Uladh a mhéadú trí 19 ngrúpa ag tabhairt cuairte ar Ionad Discover Ulster-Scots, foilsiú 2 eagrán den nuachtán Albanais Uladh agus bunú 2 phlaic ghorma a cheiliúránn daoine rithábachtacha ó stair Albanach Uladh.



Ionad Nua Discover Ulster-Scots, Áras an Mhalartáin Arbhair, Béal Feirste

Gníomhaireacht Albanais Uladh – Clár Tionchar Pobail

Rinne Ian Crozier, Príomhfheidhmeannach Gníomhaireacht Albanais Uladh cur i láthair gairid inar thug sé achoimre ar an obair atá á déanamh chun cinn ag an Gníomhaireacht le hacmhainn a fhorbairt agus le tacú le forbairt pobail trína Clár Tionchar Pobail. Tá tacaíocht do chuid bheag postanna forbartha lánaimseartha i gceist leis an chlár seo in iarracht chun tacaíocht níos spriocdhírithe agus inbhuanaithe a thabhairt do ghrúpaí pobail.

Gníomhaireacht Albanais Uladh – Gníomhaíochtaí Trasteorann

Rinne Príomhfheidhmeannach Gníomhaireacht Albanais Uladh cur i láthair do na hAirí a thug achoimre ar gníomhaíochtaí trasteorann na Gníomhaireachta a chloíonn lena cúram

reachtúil chun níos mó eolais ar Albanais Uladh agus ar cheisteanna cultúrtha Albanacha Uladh a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.

Nótáil na hAirí an réimse leathan eochairghníomhaíochtaí ar cuireadh leo sa dá dhlínse, ina measc, teagasc ceoil agus rince, Scéim Shuaitheanta Albanais Uladh, nascadh scoileanna Thuaidh/Theas, tionscadal píolótach churaclam iarbhunscolaíochta, picnicí pobail bliantúla, taighde oidhreachta agus forbairt conairí oidhreachta, tacaíocht leanúnach d'Ionad Oidhreachta Mhuine Riabhach, Plaiceanna Gorma, taispeántais taistil, eagrú Lá Oidhreachta Albanach Uladh agus comhdháil ar Shaolta na nÉireannach-Albanach sa Mheánaois.

Dul Chun Cinn ar Chomhoibriú idir Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht Albanais Uladh

Nótáil na hAirí an dul chun cinn ar an chomhoibriú idir Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht Albanais Uladh, ina measc:

- rinne comhairleoirí seachtracha athbhreithniú agus nuashonrú ar an Bheartas Cosanta agus ar an Chód Cleachtais do chomhlachtaí maoinithe;
- faoin comhthionscadal do Scoileanna Imeasctha, rinneadh 6 cheardlann i gColáiste Imeasctha Priory, Ard Mhic Nasca i rith mhí na Samhna-na Nollag 2014. Thug siad léargas do 25 mac léinn ó Bhliain 8 ar an Ghaeilge, ar an chultúr Albanach-Uladh agus ar an Albanais Uladh fosta. Rinneadh an clár i gColáiste Imeasctha Shimna, an Baile Meánach i mí Bealtaine-Mheithimh 2015 agus tá pleananna ar siúl maidir lena dhéanamh i scoil eile;
- dhá chomhimeacht mar chuid de sheachtain caidrimh phoiblí agus feasachta cultúrtha, ina raibh léacht ar na heilimintí Gaeilge agus Albanais Uladh i logainmneacha i dTuaisceart Éireann chomh maith le díospóireacht phainéil ar na traidisiúin teanga i mBéal Feirste;
- rannpháirteachas sa dara bliain de chlár chun eolas ar an Ghaeilge, ar a hoidhreacht teanga agus ar chultúr, ar oidhreacht agus ar theanga Albanais Uladh a scaipeadh in iarbhunscoileanna;
- meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar fhéidearthacht an rannpháirteachais sa Chlár Óige Aontaithe faoi Straitéis OCALCA “Together Building a United Community”, a chuidíonn le 10,000 duine óg nach bhfuil i dtraenáil, in oideachas nó i bhfostaíocht.

Deiseanna Maoinithe AE

Nótáil na hAirí go raibh na Gníomhaireachtaí ag iarraidh teacht ar dheiseanna le tairbhí mhaoiniú an AE a uasmhéadú fós.

Nótáil na hAirí go raibh réamhphlé á dhéanamh ag Gníomhaireacht Albanais Uladh le roinnt páirtithe leasmhara maidir le féidearthacht do thionscadal bainteach le fiontraíocht le daoine óga i bpobail iargúlta, faoi Chlár an Imill Thuaisceartaigh agus Artach. Tá an Ghníomhaireacht ag déanamh monatóireachta ar an dul chun cinn maidir le forbairt Chlár

LEADER/Forbairt Tuaithe mar a bhféadfadh deiseanna bheith ann oidhreacht Albanais Uladh a chur chun cinn.

D'fháiltigh na hAirí roimh rath Fhoras na Gaeilge maoiniú AE a chinntiú faoi Chlár na hEorpa Cruthaithí do thionscadal liteartha dar teideal “Other Words”, i gcomhar leis an Spáinn, an tSlóivéin, Poblacht Iar-Lúgslavach na Macadóine agus an tSualainn. Is é cuspóir an tionscadail, a seoladh i mí Iúil, próifíl litríocht na dteangacha mionlaigh a spreagadh ar fud na hEorpa, sna teangacha mionlaigh féin agus i leaganacha aistrithe den litríocht.

COMHLACHT CHLÁIR SPEISIALTA AE



Toscairí ag Ceardlann CCSAE ag scrúdú deiseanna maoinithe nua

Reáchtáladh cruinniú CATT ar an CCSAE in Ard Mhacha ar 11 Nollaig. D'fhreastail Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Arlene Foster CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra, agus Aire Sóisearach OCALCA Jennifer McCann CTR ar an chruinniú.

Ceapadh Gina McIntyre mar Phríomhfheidhmeannach CCSAE in 2015, i ndiaidh críochnú phróiseas iomaíoch ceapacháin phoiblí nuair a chuaigh an tUasal Pat Colgan ar scor.

Ag an chruinniú, fuair na hAirí tuairisc mhion ar an dul chun cinn is déanaí ar stádas Chláir PEACE III agus INTERREG IVA atá ag teacht chun deiridh. Cuireadh in iúl do na hAirí gur baineadh eochairspríocanna an chláir amach agus, i roinnt cásanna, sáraíodh iad:

- **Clár PEACE III** – faomhadh maoiniú de €329.67m do 215 tionscadal. Is ionann sin agus 99% den leibhéal coimhitiminte. Tabhaíodh €311.5m de chaiteachas charnach. Is ionann sin agus 94% de luach an Chláir. Is é €21.4m an caiteachas atá fágtha le próiseáil faoi dheireadh 2015. Baineadh na spriocanna caiteachais go léir ó anuraidh amach;
- **Clár INTERREG IVA** – faomhadh an clár seo faoin Nollaig 2015. Cuireadh litreacha tairsceana chuig 88 tionscadal ar luach iomlán de €263.35m é; tabhaíodh €233.95m de chaiteachas charnach. Is ionann sin agus 91% de luach an Chláir agus tá €22.05m fágtha le caitheamh go fóill roimh dheireadh 2015 má bhíonn sé le spriocanna caiteachais an AE a bhaint amach. Dearbhaíodh gur comhlíonadh na spriocanna N+2 go léir ó na blianta roimhe; agus

- **Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach** – lean an CCSAE ar aghaidh le rannpháirteachas Thuaidh/Theas i gCláir Thrasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha INTERREG IV a éascú. I rith tréimhse Chlár 2007-13, cinntíodh 69 páirtí tionscadail ar fud na gceithre chlár ábhartha agus ghíaráil na tionscadail seo thart ar €11.3m (£8.9m). d'airgead breise ó ERDF do Thuaisceart Éireann.

Cláir Nua AE 2014-2020

Nótáil an Chomhairle gur ghlac an Coimisiún Eorpach le Clár Comhoibrithe INTERREG VA go hoifigiúil ar 13 Feabhra 2015 agus gur iarr an CCSAE ar iarratais le haghaidh maoinithe cúig huaire faoin Chlár.

D'fhaomh na hAirí Clár Comhoibrithe PEACE IV comhaontaithe ar ghlac an Coimisiún Eorpach leis go hoifigiúil ar 30 Samhain 2015. Osclófar PEACE IV le haghaidh iarratas in 2016.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Nótáil na hAirí gur dheimhnigh na hArd-Reachtairí agus na hArd-Iniúcháirí sa dá dhlínse Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais CCSAE agus go gcuirfí faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus faoi bhráid an dá theach den Oireachtas iad ar ball beag.

FORBAIRT TRÁDÁLA AGUS GNÓ



Seolann Thomas Hunter McGowan, Príomhfheidhmeannach IdirThrádáilÉireann agus Daniel Emerson, Stonewell Cider, Corcaigh, Clár Micreaghnó Elevate i mí Bealtaine 2015

Reáchtáladh cruinnithe Forbairt Trádála agus Gnó CATT ar 5 Márta agus ar 2 Nollaig in Ard Mhacha. D’fhreastail Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus John O’Dowd CTR, Aire Oideachais ar na cruinnithe. D’fhreastail Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar na cruinnithe i mí an Mhárta agus na Nollag faoi seach.

Ag an dá chruinniú, chuala na hAirí go raibh ráchairt mhor láidir ar Chláir IdirTrádáilÉireann in 2015 agus fuair siad Tuairiscí ar an Dul Chun Cinn is déanaí ar ghníomhaíochtaí IdirTrádáilÉireann. Ina measc bhí:

- feidhmíocht IdirThrádáilÉireann do 2014 a sháraigh na spriocanna agus d’éirigh leis an Chomhlacht brabús 10:1 ar a infheistíocht a dhéanamh; chuidigh sé le 64 nuálaí céaduaire; chuidigh sé le 127 easpórtálaí céaduaire; rinne sé 4% de shábhálacha éifeachtúlachta; agus tá luach gnó iomlán £67M/ €78M aige; agus
- gníomhaíochtaí IdirThrádáilÉireann sna chéad deich mí de 2015 inar chuidigh IdirThrádáilÉireann le 65 Nuálaí Céaduaire; inar chuidigh sé le 44 Easpórtálaí Céaduaire; ina ndearna sé 4% de shábhálacha éifeachtúlachta; ina raibh tionchar poist de 916 aige; agus ina raibh luach gnó iomlán £67m/€84m aige.

I measc na ngníomhaíochtaí taighde gnó agus eacnamaíochta a rinne IdirThrádáilÉireann bhí foilsiú leanúnach ráitheachán IdirThrádáilÉireann *Business Monitor*, tuarasacáil ar ‘SMEs, Credit Constraints and Growth’ – *A Cross Border Study relating to Access to Finance* agus le déanaí ‘*Mapping the Potential for All-Island Sectoral Ecosystems*’ a scrúdaíonn na deiseanna le hacmhainneacht na ngrúpaí a fhorbairt sa dá dhlínse.

Clár Horizon 2020 AE

Fuair na hAirí na cuir i láthair ar Chlár Horizon 2020 agus nótaíl siad an dul chun cinn a bhí déanta maidir le baint amach na comhspríde de €175m a tharraingt anuas do thionscadail Thuaidh Theas ar leith.

Chuir an Chomhairle fáilte roimh na struchtúir tacaíochta Horizon 2020 a chuir IdirThrádáil Éireann i bhfeidhm chun tacú leis an sprioc seo a bhaint amach.

Deiseanna Maoinithe AE

Rinne na hAirí machnamh ar dheiseanna maoinithe AE éagsúla a d'fhéadfaidís deiseanna le haghaidh comhoibrithe a thabhairt le tarraingt anuas an airgid a uasmhéadú. Rinneadh cur i láthair a thug réamhamharc ar théama Taighde agus Nuálaíochta Chlár nua INTERREG VA.

Páirtíocht T&F SA- Éire

Pléadh Páirtíocht T&F SA- Éire agus rinneadh cur i láthair don Chomhairle ar obair na Páirtíochta go dtí seo. D'fháiltigh na hAirí roimh an obair atá á déanamh le scóip na Páirtíochta a leathnú chun taighde ar agraibhia a chur léi.

Staidéar Miondíola Uile-Oileánda

Rinne Cumann Miondíola agus Trádála Thuaisceart Éireann agus (CMTTÉ) agus Feabhas Miondíola Éireann (FMÉ) comhchur i láthair do na hAirí ar a gcomhstaidéar ar an earnáil miondíola sa dá dhlínse. Nótaíl an Comhairle torthaí an taighde, móide rún an dá ghníomhaireacht Fóram Miondíola a bhunú san áireamh ar a mbeadh ionadaithe ón dá dhlínse.

CAIBIDIL A CEATHAIR

CLÁIR FOR-ROCHTANA CHOMHRÚNAÍOCHT CATT

Shocraigh an Chomhrúnaíocht gníomhaíochtaí for-rochtana éagsúla i rith 2015.

Clár For-rochtana Scoileanna Trasteorann le SPTÉ agus leis An Garda Síochána

Ar 16 Eanáir, reáchtáil an Chomhrúnaíocht Seimineár For-rochtana Scoileanna inar ghlac 50 mac léinn san aoisghrúpa 16 go 17 mbliana d'aois ó mheánscoileanna in Ard Mhacha, i Muineachán agus i gCo. Lú páirt. Ba é 'Sábháilteacht ar Bhóithre' téama an tseimineáir agus reáchtáladh i gcomhar le SPTÉ Ard Mhacha agus leis An Garda Síochána ó Aonad Tráchtá Mhuineachán é. Rinne SPTÉ agus An Garda cuir i láthair agus ina ndiaidh sin, rinne na mic léinn díospóireachtaí ar na bealaí le méid na dtimpistí bóthair a ísliú agus lenar féidir le húsáideoirí bóithre a chur ar a eolas faoi chur chun cinn sábháilteachta ar na bóithre. Le eolas na mac léinn a ghlac páirt sa seimineár ar obair CATT a fhorbairt, reáchtáladh bréagchruinniú Iomlánach CATT sa seisiún deireanach den seimineár idirghníomhach leathlae, ina ndearna na mic léinn ról Airí Rialtas na hÉireann agus Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann go haigeanta. Phléigh siad ceistanna na sábháilteachta ar bhóithre agus chuir siad eochairphointí gníomhaíochta chun cinn. Thug an t-imeacht an deis chun cur leis an chaidreamh idirghníomhaireachta agus trasdhlínseach san ábhar seo.



Pléann na mic léinn sábháilteacht ar bhóithre i mbréagchruinniú Iomlánach CATT ag an seimineár for-rochtana scoileanna

Seimineár Roinnt Eolais agus Líonraithe ar na Gormbhealaí/Glasbhealaí

Ar 30 Aibreán, réachtáil an Chomhrúnaíocht Seimineár Roinnt Eolais agus Líonraithe ar na Gormbhealaí/Glasbhealaí do na Comhlachtaí Thuaidh Theas. Ba é cuspóir an imeachta seo fóram a chur ar fáil go príomh do na Comhlachtaí Thuaidh Theas eispéiris phraiticiúla agus dea-chleachtas a roinnt mar aon le páirtíochtaí nua a líonrú agus a fhorbairt le cur chuige ‘níos comhtháite/níos comhordaithe’ do sholáthar líonra trasteorann Gormbhealaí agus Glasbhealaí a éascú. Rinne oifigigh ón Roinn Forbartha Réigiúnaí (TÉ) agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt comhchur i láthair fosta.



Cuid de Ghlasbhealach Chanáil Uladh ar imeall Mhuineacháin

Cuairt Malairte Idirnáisiúnta Politics Plus go hArd Mhacha

Ar 25 Meitheamh, bhí an Chomhrúnaíocht ina hóstach ar chuairt ó ghrúpa mac léinn iarchéime ó Ollscoil De Paul in Chicago. Bhí PoliticsPlus ina n-óstach ar an chuairt i dTuaisceart Éireann. Thug an Chomhrúnaíocht eolas ar obair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas agus ar chomhoibriú Thuaidh/Theas.

Comhchoiste an Oireachtais ar Fheidhmiú chruinniú Coiste Aoine an Chéasta leis na Comhrúnaithe

Thug an Coiste a raibh a Chathaoirleach an Teachta Dála Frank Feighan i gceannas air, cuairt ar an Chomhrúnaíocht ar 18 Meitheamh. Bhí plé forleathan ag na baill Coiste agus na Comhrúnaithe ar an bhonneagar iompair i réigiún na teorann, ar fhéidearthacht seirbhís othar-ingearán trasteorann, comhoibriú uile-oileánda san earnáil sláinte, impleachtaí chás ESB agus na constaicí a bhaineann le lipéid a chur ar tháirgí bia ar bhonn uile-oileánda. Pléadh na foinsí agus an tábhacht a bhain le tabhairt faoi smuigleáil trasteorann, go háirithe maidir le halcól agus toitíní. Pléadh obair dhéanach Fhoras na Gaeilge agus impleachtaí an ‘Brexit’ don oileán fosta.

Cuairt ó Thoscaireacht Pharlaimint na Céinia go hArd Mhacha

Ar 7 Nollaig, bhí an Chomhrúnaíocht ina hóstach ar chuairt ó thoscaireacht Pharlaimint na Céinia (Comhchoiste ar Chomhtháthú Naisiúnta) eagraithe ag an FCO. Thug an Chomhrúnaíocht eolas dóibh ar an obair a dhéanann sí agus ar mhéid an chomhoibrithe

trasteorann leanúnaigh a dhéantar idir Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.

Shocraigh sí seisiún dóibh fosta inar thug Comhlacht Chláir Speisialta an AE eolas dóibh.

Habitat for Humanity

Chuidigh saorálaithe na Comhrúnaíochta ón dá dhlínse le hobair athchóirithe mar chuid de thionscadal Habitat for Humanity Thuaisceart Éireann. Tá tionscadal Habitat for Humanity Thuaisceart Éireann, i gcomhar le hEaglais Phreispitéireach Windsor, Béal Feirste suite sa cheantar is ilghnéithí ó thaobh eitneachta de i dThuaisceart Éireann. Is í aidhm an tionscadail halla na heaglaise a fhorbairt mar mhol sóisialta a chuirfidh fáilte roimh gach duine sa phobal áitiúil agus caidreamh láidir pobail a fhorbairt i nDeisceart Bhéal Feirste.



An tUrramach Ivan Steen, Eaglais Phreispitéireach Windsor le saorálaithe ó Chomhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas

Taithí Oibre

Lean an Chomhrúnaíocht ar aghaidh lena hobair le Scoil Speisialta Lisanally in Ard Mhacha. Tugann an tionscadal thaithí oibre deis do dhaltáí cuidiú le roinnt cruinnithe CATT a shocrú agus a sholáthar. Ina measc seo tá, láithreach nuair a thagann na Airí, ag cuidiú le réimse éagsúil dualgas ullmhúcháin agus ag cuidiú leis an lónadóireacht.

Tugann an clár seo deis do dhaltáí Lisanally bheith i dtimpeallacht ghnóthach le daoine nua agus tasc feidhmiúil a dhéanamh. Tugann sé deis dóibh fosta na scileanna a d'fhoghlaim siad ar scoil agus sa choláiste a úsáid in áit oibre.



Daltaí ó Scoil Speisialta Lisanally ag riar sólaistí do na hAirí ag cruinniú Iompair CATT

Úsáid an Áitribh

Baintear úsáid as áitreabh na Comhrúnaíochta do réimse gníomhaíochtaí breise mar thacaíocht do chomhoibriú trasphobail agus trasteorann. Reáchtáil Ionad Teagmhála Leanaí Ard Mhacha a CCB san áitreabh ar 19 Deireadh Fómhair. Ina theannta sin, d'éascaigh an t-áitreabh roinnt imeachtaí trasteorann, ina measc, cruinnithe a reáchtáil Co-operation and Working Together (CAWT), Tionscadal Border People, Ceardlann Iarratas CCSAE, Fab Foundation Éireann, comhordaitheoirí Chlár PEACE AE, agus oifigigh ag plé chun cinn le cúrsaí Pinsin Thuaidh Theas.

IARSCRÍBHINN 1

CRUINNITHE CATT IN 2015

Cruinniú CATT	Dáta	Áit
Iomlánach	05/06/15	Caisleán Bhaile Átha Cliath
	11/12/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
Institiúideach	25/02/15	Caisleán Stormont, Béal Feirste
Talmhaíocht	25/02/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
Oideachas	25/03/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
	11/12/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
Comhshaol	13/05/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
Sláinte agus Sábháilteacht Bia	15/04/15	Otharlann Ceantair Alt Mhic Dhuibhleacháin
Turasóireacht	05/03/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
	02/12/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
Iompar	22/04/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara	27/05/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
	11/11/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
Uiscebhealaí Intíre	10/06/15	CC Ghníomhaireacht Albanais Uladh, Béal Feirste
	06/11/15	Ionad Tyrone Guthrie, Muineachán
Teanga	10/06/15	CC Ghníomhaireacht Albanais Uladh, Béal Feirste
	06/11/15	Ionad Tyrone Guthrie, Muineachán
Cláir Speisialta AE	11/12/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
Forbairt Trádála agus Gnó	05/03/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT
	02/12/15	Áras Chomhrúnaíocht CATT

IARSCRÍBHINN 2

COMHRÚNAÍOCHT CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidh THEAS

Faigheann Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) tacaíocht ó Chomhrúnaíocht sheasta, ar a bhfuil foireann ó Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus Státseirbhís na hÉireann. Is í Óifig an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire (OCALCA) an mháthair-Roinn do státseirbhísigh Thuaisceart Éireann agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (RGET) an mháthair-Roinn do státseirbhísigh na hÉireann.

Is é Colm Shannon an Comhrúnaí (Thuaidh) agus is é Shane O'Neill an Comhrúnaí (Theas).

FEIDHMEANNA

Seo thíos feidhmeanna na Comhrúnaíochta:

- sceidealú cruinnithe na Comhairle a shocrú i bhformáidí éagsúla;
- comhaontú polaitiúil a fháil roimh ré do na cláir a bheidh ag cruinnithe na Comhairle;
- páipéir a ullmhú agus a choimisiúnú do chruinnithe na Comhairle, lena n-áirítear rudaí a bhaineann lena clár oibre;
- comhráitis a dhréachtú mar aon le Taifid de Chinntí na Comhairle;
- cinntí na Comhairle a fhógairt agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm
- tuarascáil bhliantúil a dhréachtú ar imeachtaí na Comhairle;
- feidhmiú mar ghléas cumarsáide le Comhlachtaí Forfheidhmithe;
- nuair is cuí, tríd an Roinn nó an Oifig ainmnithe i gceachtar den dá dhlínse, teagmháil le Rúnaíocht Chomhdháil Chomhrialtasach na Breataine/na hÉireann, le Rúnaíocht Chomhairle na Breataine-na hÉireann, leis an chomhfhóram pharlaiminteach Thuaidh/Theas agus leis an fhóram comhairliúcháin neamhspleách nuair a bhunófar é; agus
- tasc ar bith eile a dhéanamh a ordóidh an Chomhairle.

MAOINIÚ

Is iad OCALCA agus RGET a dhíolann as costais na foirne. Idir an dá rialtas a roinntear gach costas eile a bhaineann leis an Chomhrúnaíocht agus CATT. Is é an costas a bhí ar reáchtáil na Comhrúnaíochta in 2015 ná £1,432,240 /€1,969,123.

IARSCRÍBHINN 3

NA COMHLACHTAÍ FORFHEIDHMITHE THUaidh THEAS

Feidhmíonn gach ceann de na sé Chomhlacht Thuaidh Theas ar bhonn uile-oileánda. Tá cúram oibríochtúil soileir acu go léir agus feidhmíonn siad faoi stiúir bheartais iomlán na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas. Tá freagracht shoiléir acu don Chomhairle, don Oireachtas agus do Thionól Thuaisceart Éireann.

Cuireann na Boird Bainistíochta, atá ceaptha ag CATT, trí cinn de na Comhlachtaí, IdirThrádáilÉireann, an Comhlacht Teanga Thuaidh Theas, Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Soilse na hÉireann i bhfeidhm. Tá Bord Comhairleach, atá ceaptha ag CATT fosta, ag an Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia agus cuireann an Príomhfheidhmeannach an Comhlacht i bhfeidhm. Níl Bord ar bith ag an dá chomhlacht eile, Uiscebhealaí Intíre agus Comhlacht Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh agus cuireann an Príomhfheidhmeannach i bhfeidhm iad.

Tugtar achoimre ghairid ar na Comhlachtaí, ar a bpríomhfheidhmeanna agus ar a sonraí teagmhála thíos.

Waterways Ireland



www.waterwaysireland.org

Tá Uiscebhealaí Éireann príomhfhreagrach as bainistiú, caomhnú, forbairt agus athchóiriú na gcóras uiscebhealaí intíre atá inseolta ar fud an oileáin, go háirithe ar mhaithe le caitheamh aimsire. Faoi láthair tá sé freagrach as na huiscebhealaí seo a leanas:

- Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne
- Córas na hÉirne
- An Chanáil Mhór
- Córas Loingseoireachta na Bearú
- Córas Loingseoireachta na Banna Íochtaráí
- An Chanáil Ríoga
- Córas Loingseoireacht na Sionainne
-

Is í Dawn Livingstone Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann. Tá Ceannáras Uiscebhealaí Éireann suite in Inis Ceithleann agus tá Oifigí Réigiúnacha aige suite ar an Scairbh, Co. an Chláir, i gCora Druma Rúisc, Co. Liatroma agus i mBaile Átha Cliath.

An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia



www.safefood.eu

Tá an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia freagrach as tascanna bainteach lefeasacht ar shábháilteacht bia – trí fheachtais phoiblí, comhdhálacha, traenáil agus comhairle a thabhairt do ghairmithe agus don ghnáthphobal. Tugann sé tacaíocht do chomhoibriú eolaíochta Thuaidh Theas, agus do nascanna idir na hinstiúidí a phléann le sábháilteacht bia – saotharlanna, gníomhaireachtaí forfheidhmithe reachtúla sábháilteachta bia agus comhlachtaí taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta. Sa chúram atá aige tá cur chun cinn sainsheirbhísí saotharlainne, Thuaidh agus Theas. Tá comhoibriú trasteorann sna réimsí seo go léir, idir na heagrais a phléann leis na réimsí seo barrthábhachtach d’obair an Chomhlachta.

Is é Ray Dolan Príomhfheidhmeannach an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia. Feidhmíonn an Comhlacht óna oifigí i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath.

An Comhlacht Forbairt Trádála agus Gnó (IdirThrádáilÉireannn)



www.intertradeireland.com

Déanann IdirThrádáilÉireann réimse feidhmeanna luachmhara san earnáil trádála agus gnó. Faoi stiúir bheartas fhoriomlán CATT, comhoibríonn IdirThrádáilÉireann go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, Béal Feirste, leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Baile Átha Cliath agus leis na gníomhaireachtaí forbartha atá ann faoi láthair, Thuaidh agus Theas. Tá fócas ar leith aige ar chomhoibriú trádála agus gnó Thuaidh Theas a chur chun cinn trí chumas fiontraíochta, iomaíocht agus líonraí a fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag IdirThrádáilÉireann mór is fiú a dhéanamh den obair atá á déanamh ag na gníomhaireachtaí forbairt trádála agus gnó atá ann faoi láthair.

Is é an tUasal Thomas Hunter McGowan Príomhfheidhmeannach IdirThrádáilÉireann. Tá IdirThrádáilÉireann suite san Iúr.

Comhlacht Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh



www.seupb.eu

Is í an phríomhfhreagracht atá ag an Chomhlacht um Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh (CCSAE) ná bheith mar an tÚdarás Bainistíochta do Chláir AE éagsúla. Déanann feidhmeanna bainistíochta CCSAE cúram de rólanna riaracháin, deontais agus maoirseachta maidir le Tionscnaimh Pobail faoi na Cistí Struchtúrtha Eorpacha. I measc teidil na gcistí roimhe agus reatha tá INTERREG I, II, III agus IV. LEADER+, URBAN II, EQUAL, Cláir AE um Shíocháin agus Athmhuintearas, PEACE I, II agus III agus an Clár Comhoibrithe Críochach.

Is í an Bhean Uasail Gina McIntyre Príomhfheidhmeannach an Chomhlachta. Tá formhór fhoireann an Chomhlachta suite sa Cheannáras i mBéal Feirste, ach tá oifigí i Muineachán agus ar an Ómaigh, Co. Thír Eoghain fosta.

Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Soilse na hÉireann



www.loughs-agency.org

Tá dhá ghníomhaireacht i gCoimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Soilse na hÉireann – Gníomhaireacht na Lochanna agus Gníomhaireacht na Soilse. Tá Gníomhaireacht na Lochanna freagrach as cur chun cinn agus forbairt Loch Feabhail agus Loch Chairlinn do chuspóirí tráchtála agus fóillíochta maidir le cúrsaí mara, iascaigh agus dobharshaothraithe. Rún a bhí ann go mbeadh Gníomhaireacht na Soilse, nuair a bhunófaí í, mar chomharba Choimisinéirí Soilse na hÉireann mar an tÚdarás Ginearálta Tithe Solais in Éirinn. Mar gheall ar chastachtaí a tháinig anuas ó thaobh a leithéid seo d’aistriú feidhmeanna a dhéanamh, tá athbhreithniú á dhéanamh ar an cheist faoi láthair.

Is é John Pollock Príomhfheidhmeannach Gníomhaireacht na Lochanna. Tá Ceannáras na Gníomhaireachta suite i nDoire~Londaindoire.

An Comhlacht Teanga



www.forasnagaeilge.ie

www.ulsterscotsagency.com

Tá dhá ghníomhaireacht sa Chomhlacht Teanga amháin seo - Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulster-Scotch. Tá Foras na Gaeilge freagrach as cur chun cinn na Gaeilge ar fud an oileáin agus tá Tha Boord o Ulster-Scotch freagrach as staidéar a dhéanamh ar, caomhnú, forbairt agus úsáid Albanais Uladh mar theanga bheo: réimse iomlán a cultúir bhaintigh a spreagadh agus a fhorbairt; agus tuiscint ar stair Albanais Uladh a chur chun cinn.

Is é Ferdie Mac an Fhailigh Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge. Tá príomhoifig na Gníomhaireachta suite i mBaile Átha Cliath agus tá fo-oifigí aici suite i mBéal Feirste agus i nDún na nGall.

Is é Ian Crozier Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht Albanais Uladh. Tá a príomhoifig suite i mBéal Feirste agus tá fo-oifig aici i nDún na nGall.

IARSCRÍBHINN 4

TURASÓIREACHT ÉIREANN TEORANTA



<https://www.tourismireland.com>

Tá turasóireacht mar cheann de “na sé réimse comhoibrithe” faoi chreatlach Chomhaontú Aoine an Chéasta Bhéal Feirste 1998 agus déanann Turasóireacht Éireann, comhlacht teoranta faoi úinéireacht phoiblí bunaithe le hoileán na hÉireann a chur chun cinn thar sáile mar cheann scríbe turasóireachta, an comhoibriú sa réimse seo chun cinn. Is é a chúram ná cuairteoirí turasóireachta go hoileán na hÉireann a mhéadú agus le tacú le Tuaisceart Éireann a hacmhainneacht turasóireachta a bhaint amach.

Feidhmíonn Turasóireacht Éireann faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann agus tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in Éirinn. Cuireann Bord Bainistíochta, atá ceaptha ag CATT, a fheidhmeanna i bhfeidhm.

Oibríonn Turasóireacht Éireann go dlúth le Fáilte Ireland agus le Tourism Northern Ireland i bpáirtíocht straitéiseach. Tá ról agus cúram ar leith ag gach gníomhaireacht, agus cuireann gach gníomhaireacht le obair na gníomhaireachta eile i dtionscal turasóireachta sa dá dhlínse.

Is é Niall Gibbons an Príomhfheidhmeannach. Feidhmíonn an Comhlacht óna Ceannáras i mBaile Átha Cliath agus óna oifig réigiúnach i gCúil Raithin.